



IADT
Institiúid Ealaíne,
Deartha agus Teicneolaíochta
Dhún Laoghaire

Tuarascáil
Bhliantúil
2013/2014

*Is é seo an Xú Tuarascáil Bhliantúil de chuid
Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhúin
Laoghaire.*

*Cuimsíonn an tuarascáil seo an tréimhse ón
1 Meán Fómhair go dtí an 31 Lúnasa 2014*



Clár Ábhair

Mír 1	Ráiteas an Chathaoirligh agus an Uachtaráin	5
Mír 2	Réamhrá	6
Mír 3	Rialachas	7
Mír 4	Ceisteanna Acadúla agus Mac Léinn	10
Mír 5	Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha	28
Mír 6	Pearsanra	37
Mír 7	Tuarascáil Airgeadais	42



Ráitis an Chathaoirligh
agus an Uachtaráin



1.1 Ráiteas an Chathaoirligh



Tá áthas orm an tuarascáil bhliantúil don bhliain acadúil 2013-2014 a chur i láthair thar ceann an Chomhlachta Rialaithe agus i m'inniúlacht mar Leas-Chathaoirleach. Is mian liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghlacadh lenár n-Iar-Chathaoirleach, Rónán Ó Muirthile, a d'éirigh as a phost in Iúil 2015.

Thar ceann an Chomhlachta Rialaithe, guímid gach rath air lena ghairm amach anseo.

Bhain an Institiúid garspríoc shuntasach amach i rith na bliana nuair a osclaíodh Foirgneamh Stiúideo na Scoile Náisiúnta Scannán i Samhain, a raibh feitheamh fada leis. 2013. Thar ceann an Chomhlachta Rialaithe, is mian liom buíochas a ghabháil leo siúd go léir a raibh baint acu sa tionscadal chun an píosa tábhachtach seo de bhonneagar náisiúnta a chruthú. Táimid buíoch d'Uachtarán na hÉireann, Michael D. Ó hUiginn, as na stiúideonna a oscailt go foirmiúil.

Is mian liom aitheantas a thabhairt d'obair, tacaíocht agus dúthracht mo chomhbhall den Chomhlacht Rialaithe i rith na bliana.

Ar deireadh, is mian liom buíochas a ghlacadh le foireann na hInstitiúide as ucht a dtiomantais agus a ndúthrachta don Institiúid agus is mian liom comhghairdeas a ghlacadh leo mar gheall ar ar bhain siad amach.

Eleanor Roche
Cathaoirleach Gníomhach

1.2 Ráiteas an Uachtaráin

I rith bhliain acadúil 2013/2014, forbraíodh Plean Straitéiseach nua 2014-2018 an IADT. Sainithnítear sa Phean Straitéiseach líon príomhlimistéir forbartha don IADT, agus tugtar cuntas ann ar ár dtreo straitéiseach agus béim ar leith ar idirchaidreamh agus idirnáisiúnú níos mó.

Bhain tábhacht, i mbliana, le críochnú chéad chlár comhpháirtíochta comhoibrithí an IADT le soláthraí príobháideach, Sound Training College. Déanann an clár, a bhaineann Leibhéal 7 amach i dTáirgeadh Cruthaitheach Ceoil, a chomhsholáthraíonn an IADT agus an Sound Training Centre, agus a dheimhnigh an IADT trí phainéal idirnáisiúnta i mBealtaine 2014, áiseanna agus saineolas an dá institiúide comhpháirtíochta chun clár spreagúil agus uathúil a chur ar fáil.

Rud nua in 2014 a bhí sa chéad Scoláireacht Sky Academy, rinne an scoláireacht rannpháirtíocht sa MA i Léiriúchán Craolta a chistiú, anuas ar réimse de thairbhí a bhain leis an tionscal d'fhaighteoir amháin. Anuas air sin, tugadh



clár New Frontiers an IADT isteach i mbliain acadúil
2013/14 i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta
Bhaile Átha Cliath.

Clár nua-thionscanta é seo d'fhiontraithe luathchéime ar
mian leo leanúint ar aghaidh agus bheith ina dTosú
Ardacmhainne (HPSUanna).

Leanann Ciúb na Meán, dár gcuid, ag dul ó neart go
neart. Bhain roinnt cuideachtaí Chiúb na Meán
infheistíocht shuntasach sheachtrach amach i mbliana,
Profitero agus WholeWorld Band ina measc.

Rinneamar idirchaidreamh gníomhach sa phróiseas Plé
Straitéisigh leis an HEA agus le Braisle Cholún I Bhaile
Átha Cliath/Laighean.

Leanann ár bhfoireann agus ár mic léinn le
sármhaitheas a bhaint amach ina gcuid foilseachán,
dámhachtainí, taispeántas agus cleachtais.

Mar fhocal scoir, ba mhian liom aitheantas a thabhair
d'obair dhian, cruthaitheacht agus dúthracht fhoireann
agus mhic léinn an IADT i gcaitheamh na bliana.

An Dr Annie Doona
Uachtarán

Mír 2

Réamhrá




2.1 Bunú na hInstitiúide

Dheonaigh an tAire Oideachais, Niamh Bhreathnach, T.D. stádas féinrialaitheach ar Choláiste Ealaine agus Deartha Dhún Laoghaire, comhcholáiste de chuid Choiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire, de réir Achtanna na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992-1994 le héifeacht ón 1 Aibreán 1997.

D'athraigh an Coláiste a ainm trí Ordú ón Aire go dtí Institiúid Ealaine, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire le héifeacht ón 8 Eanáir 1998.

2.2 Ráiteas Misin na hInstitiúide



Léiríonn an IADT luach ar an méid a leanas agus sinn ag tabhairt faoinár bhfis agus misean:

- Cruthaitheacht, nuálaíocht, comhpháirteachas agus fiontraíocht i measc ár mac léinn agus ár bhfoirne
- Rannchuidiú na foirne uile ar fud an IADT chun ár gcuid spriocanna a bhaint amach
- Tiomantas do shármhaitheas inár gclár agus ár ngníomhaíochtaí uile
- Comhpháirtíochtaí agus comhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta idir an teicneolaíocht, an saol acadúil, gnó agus an earnáil tionscail teicneolaíochtaí cruthaitheacha, cultúrtha agus digiteacha
- Comhpháirtíochtaí agus comhoibriú áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta le heagraíochtaí agus le grúpaí pobail agus le bunáochtaí oideachais eile
- Fiosrú agus léiriú saor agus oscailte intleachtúil
- Cóimheas, coláisteacht agus iontaobhas
- Tiomantas d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, éagsúlacht agus cuimsiú
- Tiomantas do dhul chun cinn, feabhsú cáilíochta agus ardchaighdeán,
- Tiomantas do thionchar a imirt agus comhpháirteachas i measc na mac léinn, na foirne agus páirtithe leasmhara eile
- Féinriar, freagracht agus dea-rialachas

2.3 Comhionannas Deiseanna

Is fostóir agus soláthróir oideachais comhionannas deiseanna í Institiúid Ealaine, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Ní dhéanann sí leithcheal ar bhaill foirne ná ar mhic léinn ar chor ar bith ar bhonn inscne, aoise, cine, creidimh, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, míchumais ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá sí tiomanta do bhacainní ar an oideachas a dhíbirt agus do thús a chur le gníomhaíocht dhearfach d'fhonn deiseanna a chruthú agus a fhairsingiú ar bhonn cuimsitheach.

Mír 3

Rialachas



3.1 An Comhlacht Rialaithe

An Comhlacht Rialaithe – amhail an 31 Lúnasa, 2014

Cheap an tAire Oideachais agus Scileanna an cúigiú Comhlacht Rialaithe Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire do théarma cúig bliana ón 1 Aibreán 2011. Ceaptar an bheirt ionadaithe mic léinn do thréimhse bhliana go dtí an 30 Meitheamh gach bliain. Chas an Comhlacht Rialaithe ar a chéile 10 n-uair sa thréimhse ón 1 Meán Fómhair 2013 go dtí an 31 Lúnasa 2014.

Ballraíocht an Chomhlachta Rialaithe agus na Cruinnithe ar ar Freastalaíodh

Mr. Rónán Ó Mhuirthile	Cathaoirleach	9
Dr Annie Doona	Uachtarán	10
Cllr. Niamh Bhreathnach	CGO Dhún Laoghaire – d'éirigh as i mBealtaine 2014	7
Cllr. Donal Marren	CGO Dhún Laoghaire – d'éirigh as i Meitheamh 2014	8
Cllr. Jane Dillon Byrne	CGO Dhún Laoghaire – ceaptha i nDeireadh Fómhair 2013*	5
Mr. Tom Taylor	CGO Dhún Laoghaire	3
Dr Tim Jackson	CGO Chontae Bhaile Átha Cliath	9
Ms. Eleanor Roche	CGO Chontae Chill Mhantáin	8
Mr. Pearse Connolly	An ICTU	8
Ms. Clíodhna Shaffrey	An Chomhairle Ealaíon	9
Ms. Clodagh Whelan	Fiontraíocht Éireann	5
Mr. Cormac Shaw	Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath	8
Ms. Siobhan Bourke	Bord Scannán na hÉireann	3
Mr. Barry Dignam	An Fhoireann Acadúil	8
Dr Dióg O'Connell	An Fhoireann Acadúil	10
Mr. Derek Larkin	An Fhoireann Neamhadúil	10

**tagtha in ionad an Chomh. Stephen Fitzpatrick a d'éirigh as i Meán Fómhair 2013*

Comhaltaí Mac Léinn den Chomhlacht Rialaithe (ceaptha ar bhonn bliantúil)

Ms. Niamh Devereux	Ón 1 Iúil 2013 go dtí an 30 Meitheamh 2014	5
Mr. David Keaveney	Ón 1 Iúil 2013 go dtí an 30 Meitheamh 2014	6
Mr. Paul Downes	Ón 1 Iúil 2014 go dtí an 30 Meitheamh 2015	N/A
Ms. Jade Hogan	Ón 1 Iúil 2014 go dtí an 30 Meitheamh 2015	N/A

3.2 Fochoiste Iniúchóireachta an Chomhlachta Rialaithe

Ballraíocht amhail an 31 Lúnasa, 2014

Bhunaigh an Comhlacht Rialaithe Fochoiste Iniúchóireachta an Chomhlachta Rialaithe ag a gcruinniú an 5 Samhain 2003.

Ceapadh an Fochoiste reatha an 15 Meitheamh, 2011. Is éard atá i mBallraíocht an Fhochoiste:

- Tony Traynor (Cathaoirleach)
- An Comh. Donal Marren (Comhalta an Chomhlachta Rialaithe, a d'éirigh as an 6 Meitheamh 2014)
- Eleanor Roche (Comhalta an Chomhlachta Rialaithe)
- Cormac Shaw (Comhalta an Chomhlachta Rialaithe)
- An Dr Tim Jackson (Comhalta an Chomhlachta Rialaithe)

Faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna leasú d'Institiúidí Teicneolaíochta (an Cód), ceanglaítear ar an bhFochoiste casadh ar a chéile ar a laghad ceithre huair sa bhliain. Seo a leanas dátaí chruinnithe agus tháid freastail chomhaltaí an Choiste Iniúcháireachta:

Dátaí na gCruinnithe	Comhalta	Líon na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh
An 4 Meán Fómhair 2013	Tony Traynor	1
An 4 Nollaig 2013	An Comh. Donal Marren	3
An 25 Feabhra 2014	Eleanor Roche	4
An 13 Meitheamh 2014	Cormac Shaw	4
	An Dr Tim Jackson	3

3.3 Táillí agus Costais an Chomhlachta Rialaithe

Níl Comhaltaí an Chomhlachta Rialaithe incháilithe táillí a fháil ina n-inniúlacht mar chomhaltaí an Chomhlachta Rialaithe. D'fhéadfadh go mbeadh Comhaltaí an Chomhlachta Rialaithe incháilithe chun táillí agus costais a fháil sa chás go mbíonn siad i gceannas ar bhoird agallaimh, i gcomhréir leis an litir dar dáta an 17 Deireadh Fómhair 2011 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. I gcaitheamh na tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2013 go dtí an 31 Lúnasa 2014, íocadh na táillí agus an caiteachas a leanas:

Comhalta an Chomhlachta	Táillí an Bhoird Agallaimh	Costais
Eleanor Roche	€285.00	€13.00

3.4 An Fhoireann Shinsearach amhail an 31 Lúnasa 2014

Liostaítear thíos comhaltaí fhoireann shinsearach an IADT amhail an 31 Lúnasa 2014:

An Dr Annie Doona	Uachtarán
An Dr Marian O'Sullivan	Cláraitheoir
Bernard Mullarkey	Rúnaí/Rialtóir Airgeadais
An tOll. Peter Robertson	Ceann an Chomhphárteachais Chruthaithigh
An Dr Andrew Power	Ceann Dhámh na Scannán, na hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
An Dr Josephine Browne	Ceann Dhámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí
Liam Doona	Ceann Roinn an Deartha agus na nAmharc-Ealaíon
Donald Taylor Black	Ceann Roinn na Scannán agus na Meán
An Dr Marion Palmer	Ceann Roinn na Teicneolaíochta agus na Síceolaíochta
An Dr Therese Moylan	Ceann Roinn na Fiontraíochta
An Dr Paula Gilligan	Ceann Roinn na nDaonnachtaí agus Bhainistíocht na nEala
An Dr Mark Riordan	Ceann Roinn na Forbartha Straitéisí agus Iarchéime
Deirdre Judge	Leabharlannaí
Kevin Browne	Bainisteoir Acmhainní Daonna
Colm Hennessy	Bainisteoir T.F. Bainisteoir
Grace Weldon	Bainisteoir na nEastát agus na Saoráidí
Conor Logan	Bainisteoir Airgeadais
David Doyle	Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mic Léinn
An Dr Tara Ryan	Bainisteoir na gComhpháirtíochtaí Oideachais agus Seirbhísí do Mhic Léinn
Dominic Mullan	Bainisteoir Nuálaíochta, Tráchtálaithe agus Forbartha
Linda O'Sullivan	Bainisteoir Cruthaitheach FÍS
Donald Taylor Black	Stiúrthóir Cruthaitheach, an Scoil Náisiúnta Scannán

Ceisteanna Acadúla; agus Mic Léinn



4.1 An Chomhairle Acadúil

Ceapann an Comhlacht Rialaithe an Chomhairle Acadúil ar feadh téarma trí bliana. Tagann an Chomhairle Acadúil le chéile ar bhonn míosúil ar fud na bliana acadúla agus is ionann an córam agus caoga faoin gcéad den bhallraíocht. D'fhaomh an Comhlacht Rialaithe togra i ndáil le ballraíocht na Comhairle Acadúla a athnuachan an 3 Deireadh Fómhair 2012. Faomhadh athruithe ar bhallraíocht na bhFochoistí éagsúla freisin.

Chuir an Chomhairle Acadúil líon Fochoistí ar bun, ar nós iad seo a leanas:

- An Fochoiste Pleanála Acadúla, Comhordaithe agus Athbhreithnithe
- An Fochoiste Bailíochtaíthe Clár
- An Fochoiste um Fheabhsú Cáilíochta
- An Fochoiste Taighde agus Forbartha
- An Fochoiste um Eispéireas na Mac Léinn
- An Fochoiste Teagaisc agus Foghlama

Seo a leanas ballraíocht na Comhairle Acadúla amhail an 31 Lúnasa 2014:

Comhaltaí Ex Officio

An Dr Annie Doona	Uachtarán agus Cathaoirleach
An Dr Marian O'Sullivan	Cláraitheoir
An tOllamh Peter Robertson	Ceann an Chomhpháirteachais Chruthaithigh
An Dr Josephine Browne	Ceann Dhámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí
An Dr Andrew Power	Ceann Dhámh na Scannán, na hEalaine agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
David Doyle	Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mic Léinn
An Dr Tara Ryan	Bainisteoir Comhpháirtíochtaí Oideachais agus Seirbhísí Mic Léinn
Jade Hogan	Oifigeach Oideachais, Aontas na Mac Léinn

Comhaltaí tofa

Donald Taylor Black	Ceann Roinn na Scannán agus na Meán
John Buckley	Dámh na Scannán, na hEalaine agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
An Dr Sinead Hogan	Dámh na Scannán, na hEalaine agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
David Quin	Dámh na Scannán, na hEalaine agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha (freastal páirtaimseartha)
An Dr Paula Gilligan	Ceann Roinn na nDaonnachtaí agus Bhainistíocht na nEalaíon
An Dr Carol MacKeogh	Dámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí
Sharon McGreevy	Dámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí
Barry McIntyre	Dámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí
Derek Dodd	Dámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí (freastal páirtaimseartha)
John Dempsey	Dámh na Scannán, na hEalaine agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
Andre Cruz	Ionadaí Aontas na Mac Léinn
Declan Windsor	Ionadaí Aontas na Mac Léinn

4.2. Forbairtí Acadúla

Faoin Acht um Cháilíocht agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012, tá cumhachtaí bronnta céimeanna ag an IADT do chlár ar Leibhéal 6, 7, 8 agus 9 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CCN). Dheonaigh Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) na cumhachtaí seo faoi Tharmligean Údaráis agus aistríodh iad faoi Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ), arna bhunú faoi Acht 2012 (féach www.qqi.ie). Ceanglaítear ar an IADT chun tabhairt faoi athbhreithniú foirmiúil ar an Institiúid agus ar a gclár tríd an bpróiseas Athbhreithnithe Cláir – leagann DCCÉ na critéir amach don athbhreithniú seo. Le linn an phróisis Athbhreithnithe Cláir, déantar athbhreithniú inmheánach ar gach clár agus déanann painéal neamhspleách saineolaithe gach ceann a ‘athbhailíochtú’ – soláthraítear an bhliain ina ndearnadh an t-athbhreithniú athbhailíochtaí is déanaí do gach clár.

Faomhadh Nua Cláir le linn 2013/14:

- BA i dTáirgeadh Ceoil Chruthaithigh [bailíochtaí i mBealtaine 2014]
- MA i gComhoibriú Ealaíne agus Taighde (clár nua chun teacht in ionad an MA i gCleachtas na nAmharc-Ealaíon) [bailíochtaí i mBealtaine 2014]
- Dámhachtain Shainchuspóireach – Teastas sa tSíceolaíocht Scannán bailíochtaí i mBealtaine 2014]

4.3 Cláir Fhaofa

Sonraítear thíos clár an IADT a chuireann cláir lánaimseartha agus pháirtaimseartha fochéime agus iarchéime ar fáil, anuas ar shonraí faoin uair dheireanach a rinneadh na cláir a bhailíochtú:

4.3.1 Cláir Lánaimseartha – 2013/2014

Dámh na Scannán, hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Clár Teideal

Ceadaithe

Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc	Márta 2010
Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú IImheánach	Márta 2010
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan	Meitheamh 2014
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Léirithe)	Márta 2009
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Feistis)	Márta 2009
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Smididh)	Márta 2009
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCórais na Meán Digiteach	Meitheamh 2012
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Léiriú i gcomhair Scannán agus Teilifíse	Bealtaine 2009
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDéanamh Samhaltán, Dearadh agus Maisíochtaí Digiteacha	Márta 2008
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht	Bealtaine 2009
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gCumarsáid Amhairc	Bealtaine 2009
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Chleachtas Amharcealaíon	Bealtaine 2009
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach	Bealtaine 2014

Clár Teideal

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Riomhaireacht i gCórais Ilmheán/Innealtóireacht Gréasáin

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Riomhaireacht i gCórais Ilmheán/Innealtóireacht Gréasáin (Forlíonadh)

Ceadaithe

Márta 2010

Márta 2010

Dámh na Fiontar agus na nDaoinnachaí

Clár Teideal

Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBéarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha

Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht (Forlíonadh)

Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht agus sa Bhainistíocht

Ceadaithe

Aibreán 2010

Aibreán 2010

Aibreán 2010

Aibreán 2010

Aibreán 2010

4.3.2 Cláir Iarchéime - 2013/14

Clár Teideal

Máistir Ealaíon sa Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhair Scannán agus Teilifíse

Máistir Ealaíon sa Chleachtas Amharcealaíon

Máistir Ealaíon sa Léiriú Craolacháin i gcomhair Raidió agus Teilifíse

Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht

Diplóma Iarchéime sa Ghnó i mBainistíocht Imeachtaí Cultúrtha

Ceadaithe

Meitheamh 2014

Márta 2012

Meitheamh 2014

Bealtaine 2014

Aibreán 2010

4.3.3 Cláir Pháirtaimseartha - 2013/14

Clár Teideal

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBéarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha

Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht (Solúbtha)

Máistir Ealaíon sa Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhair Scannán agus Teilifíse

Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht

Teastas sa Chibirshíceolaíocht

Teastas in Idirghníomhaíocht Daoine le Ríomhairí

Teastas i Modhanna Taighde Idirlín

Teastas sa tSíceolaíocht Spóirt

Teastas i bhFoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta

Ceadaithe

Aibreán 2010

Aibreán 2011

Meitheamh 2014

Bealtaine 2014

Bealtaine 2014

Bealtaine 2014

Deireadh Fómhair 2011

Bealtaine 2014

Iúil 2012

4.3.4 Céimeanna Máistreacht de réir Cláir Thaighde

Cuireann an IADT líon céimeanna Máistreacht ar fáil de réir Taighde i ndisciplíní éagsúla ina measc, an Fhiontraíocht, na Daonnachtaí, na hEalaíona Cruthaitheacha agus an tSíceolaíocht.

4.3.5 Cláir Nua Lánaimseartha – 2013/14

Níor cuireadh aon chlár nua ar tairiscint le linn 2013/14

4.3.6 Teastas Cáilíochta Nua Sainchuspóra – 2013/14

Níor cuireadh aon chlár nua ar Sainchuspóra le linn 2013/14

4.4 Scrúdaitheoirí Seachtracha

4.4.1 Bliain Acadúil 2013/14

Tugtar cuntas ar Scrúdaitheoirí Seachtracha do gach clár do bhliain acadúil 2013/2014 thíos:

Dámh na Scannán, hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Clár Teideal	Scrúdaitheoir Seachtracha
Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc	Brian Keogh Joe Timoney
Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach	An Dr Patrick Felicia Patricia O'Byrne
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan	Peter Hodges Leonie Sharrock
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Léirithe)	Donatella Barbieri David Cockayne
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Feistis)	Donatella Barbieri David Cockayne
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Smididh)	Donatella Barbieri David Cockayne
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Córais na Meán Digiteach	Joe Timoney
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Léiriú i gcomhair Scannán agus Teilifíse	Les Blair An Dr Paula Quigley
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDéanamh Samhaltán, Dearadh agus Maisíochtaí Digiteacha	Paul Johnson Peter Hodges
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht	Prof Štěpán Grygar Prof. Liz Wells
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gCumarsáid Amhairc	Liz Farrelly Andrew Stevens
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Chleachtas Amharcealaíon	Tina O'Connell Fionna Barber

Clár Teideal

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán/Innealtóireacht Gréasáin

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán/Innealtóireacht Gréasáin (Forlónadh)

Máistir Ealaíon sa Léiriú Craolacháin i gcomhair Raidió agus Teilifíse

Máistir Ealaíon sa Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhair Scannán agus Teilifíse

Máistir Ealaíon sa Chleachtas Amharcealaíon

Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht

Teastas i Meastóireacht agus Measúnacht

Teastas sa Chibirshíceolaíocht

Teastas in Idirghníomhaíocht Daoine le Ríomhairí

Teastas i Modhanna Taighde Idirlín

Teastas sa tSíceolaíocht Spóirt

Teastas i bhFoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta

Scrúdaitheoir Seachtracha

An Dr Elizabeth Hellier
An Dr Michael O'Connell

An Dr Patrick Felicia
Patricia O'Byrne

An Dr Patrick Felicia
Patricia O'Byrne

Ana Leddy
Adrian McCarthy

James Mavor
Tony Tracy

Bartholomew Ryan

An Dr Chris Fullwood
An Dr Gary O'Reilly

An Dr Jen Harvey

An Dr Chris Fullwood

An Dr Patrick Felicia

An Dr Chris Fullwood

An Dr Michael O'Connell

An Dr Jen Harvey

Dámh na Fiontar agus na nDaoinnachaí

Clár Teideal

Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon

Scrúdaitheoir Seachtracha

John Fogarty
Margaret Fitzsimons
Adrian Payne

Michele Kehoe
Margaret Fitzsimons
Paddy Dolan
John Fogarty
Philip Long

Clár Teideal

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBéarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha

Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht (Forlíonadh)

Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht (Solúbtha)

Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht agus sa Bhainistíocht

Scrúdaitheoir Seachtracha

An Dr John Kenny
An Dr Graeme McDonald
Tim Snelson
An Dr John Ennis

Margaret Fitzsimons
John Fogarty
Michele Kehoe
Adrian Payne

Adrian Payne

Margaret Fitzsimons
John Fogarty
Michele Kehoe
Adrian Payne

4.5 Staitisticí maidir le Mic Léinn


4.5.1 Líon na Mac Léinn de réir Disciplín – 2013/2014

Disciplín	An chéad bhliain	Blianta Eile	Iomlán
Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach	22	27	49
Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht	42	81	123
Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Ciosamhairc	43	65	108
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan	34	86	120
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin – Feisteas	10	22	32
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin – Smideadh	12	24	36
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin – Léiriú	12	27	39
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gCumarsáid Amhairc	29	90	119
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCórais na Meán Digiteach	-	6	6
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBéarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha (lán- agus páirtaimseartha)	76	208	284
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Léiriú Scannán agus Teilifíse	34	89	123
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDéanamh Samhaltán, Dearadh agus Maisíochtaí Digiteacha (lán- agus páirtaimseartha)	28	77	105
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht	39	74	113
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Chleachtas Amharcealaíon	33	123	156
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach	63	158	221

Disciplín	An chéad bhliain	Blianta Eile	Iomlán
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán agus Innealtóireacht Gréasáin	38	54	92
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán agus Innealtóireacht Gréasáin (Forlíonadh)	-	5	5
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon	47	128	175
Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht agus sa Bhainistíocht (lánaimseartha agus páirtaimseartha)	36	170	206
Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht (Forlíonadh bliana lánaimseartha agus páirtaimseartha)	-	26	26
Máistir Ealaíon sa Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhair Scannán agus Teilifíse (lán- agus páirtaimseartha)	-	16	16
Máistir Ealaíon sa Chleachtas Amharcealaíon	-	24	24
Máistir Ealaíon sa Léiriú Craolacháin i gcomhair Raidió agus Teilifíse	-	19	19
Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht (páirtaimseartha)	-	26	26
Dioplóma Iarchéime sa Ghnó i mBainistíocht Imeachtaí Cultúrtha	-	1	1
Teastas i Meastóireacht agus Measúnacht (Cáilíocht Sainchuspóra)	-	9	9
Teastas sa Chibirshíceolaíocht (Cáilíocht Sainchuspóra)	-	8	8
Teastas in Idirghníomhaíocht Daoine le Ríomhairí (Cáilíocht Sainchuspóra)	-	17	17
Teastas i Modhanna Taighde Idirlín (Cáilíocht Sainchuspóra)	-	7	7
Teastas sa tSíceolaíocht Spóirt (Cáilíocht Sainchuspóra)	-	23	23
Teastas i bhFoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (Cáilíocht Sainchuspóra)	-	2	2
IOMLÁN	598	1692	2287


4.5.2 Clárú Mac Léinn Lánaimseartha de réir Leibhéal Cáilíochta

LEIBHÉAL NA CÁILÍOCHTA	FIR	MNÁ	IOMLÁN
Gnáthcéim Bhaitsiléara	84	23	107
Céim Onóracha Bhaitsiléara	227	264	491




4.5.3 Iomlán na Mac Léinn Lánaimseartha de réir Leibhéal Cáilíocht

LEIBHÉAL NA CÁILÍOCHTA	FIR	MNÁ	IOMLÁN
Gnáthcéim Bhaitsiléara	219	16	280
Céim Onóracha Bhaitsiléara	894	902	1796
Máistreacht/Diplóma Iarchéime	28	28	56



4.5.4 Iomlán na Mac Léinn Páirtaimseartha Foriomlán de réir Leibhéal Cáilíocht


LEIBHÉAL NA CÁILÍOCHTA	FIR	MNÁ	IOMLÁN
Céim Onóracha Bhaitsiléara	31	30	61
Máistreacht/Diplóma Iarchéime	11	19	30
Cáilíochtaí Sainchuspóra	33	24	57



4.5.5 Céimithe 2013/14 de réir Leibhéal Cáilíocht

LEIBHÉAL NA CÁILÍOCHTA FIR MNÁ IOMLÁN

Gnáthchéim Bhaitisiléara	49	16	65
Céim Onóracha Bhaitisiléara	31	30	61
Máistreacht/Diplóma Iarchéime	11	19	30
Cáilíochtaí Sainchuspóra	33	24	57



* *Searmanais bhronnta mhí na Samhna 2013*

4.6 Duaiseanna, Scoláireachtaí agus Éachtaí na Mac Léinn

4.6.1 Duaiseanna na Mac Léinn – 2013/2014

Féile Scannáin Bheochana na Carraige Duibhe Dámhachtain um Aitheantas Pobail (Deireadh Fómhair 2013)

Bronnadh ar Orla McHardy [BA (Onóracha) i mBeochan 2007] an Dámhachtain um Aitheantas Pobail ag Féile Scannáin Bheochana na Carraige Duibhe i ngeall ar a gearrscannán beochana “Town”. Rinneadh “Town” a thaispeáint ina dhiaidh sin ag Féile Scannán Chorcaí agus ag Féile Scannán DOK in Leipzig.

Dámhachtainí Bhonn Óir Mhac Léinn na Bliana Bhanc na hÉireann (Samhain 2013)

Bronnadh Dámhachtainí Bonn Óir Mhac Léinn na Bliana ar na mic léinn a leanas de chuid Dhámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí ag an searmanas bronnta céimeanna i Samhain 2013:

- Leigh Heritage [Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht agus Bainistíocht]
- Thomas Whelan [Baitsiléir Gnó (Onóracha) sa Fhiontraíocht]
- Dermot Day [Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht – modh seachadta sholúbtha]
- Saoirse Meehan [BA (Onóracha) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht Ealaíon]
- Jonathan Victory [BA (Onóracha) sa Bhéarla, Staidéar ar na Meáin agus Cultúrtha]

Bronnadh Dámhachtain Sármhaitheasa ar an mac léinn a leanas

- Emma Penny [BA (Onóracha) sa Bhéarla, Staidéar ar na Meán agus Cultúrtha]

Dámhachtainí Mac Léinn Bhord Fiontar Contae Dhún Laoghaire- Ráth an Dúin (Samhain 2013)

Bronnadh Dámhachtainí Mac Léinn ar na mic léinn a leanas de chuid Dhámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí ag an searmanas bronnta céimeanna i Samhain 2013:

- Byron Smith [Baitsiléir Gnó (Onóracha) sa Fhiontraíocht agus Bainistíocht]
- Stephen Brady [Baitsiléir Gnó (Onóracha) sa Fhiontraíocht]
- Irene Breen [BA (Onóracha) i Staidéar Gnó agus i mBainistíocht Ealaíon]
- Joan Connolly [Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht – modh seachadta sholúbtha]

Dámhachtain Chuimhneacháin Mary Ryan (Samhain 2013)

Bronnadh an dámhachtain ar Elizabeth Hickey [Baitsiléir Gnó sa Fhiontraíocht] le haghaidh Sármhaitheas Acadúil ag an searmanas bronnta céimeanna i Samhain 2013.

An 8ú Duais Ealaíne Arte Laguna Idirnáisiúnta

Bhuaigh Elaine Byrne – MA i gCleachtas na nAmharc-Ealaíon 2010 (sa phictiúr thíos) an duais mhór le rá le haghaidh dealbhóireachta ag an 8ú himeacht Arte Laguna Idirnáisiúnta a bhí ar siúl sa Veinéis, an Iodáil an 22 Márta 2014. Bhí a saothar dar teideal “RAUM” i measc saothair 30 iomaitheoir sa bhabhta ceannais a cuireadh ar an ngearrliosta ó bhreis agus 1,000 iontráil sa chatagóir dealbhóireachta.



Dámhachtainí na Scoile Náisiúnta Scannán (Samhain 2013)

Bronnadh dámhachtainí ar mhic léinn an SNS a leanas ag an searmanas bronnta céimeanna i Samhain 2013:

- Bronnadh Dámhachtain Chumann Ghrianghrafadóirí Gairmiúla na hÉireann ar Lisa Burke [Baitsiléir (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht]
- Bronnadh Dámhachtain Windmill Lane do Bheochan ar Thomas Young [BA (Onóracha) i mBeochan]
- Bronnadh Dámhachtain Filmbase ar Michael Carolan i ngeall ar Léiriúchán Scannán agus Teilifíse [Baitsiléir Gnó (Onóracha) i dTáirgeadh Scannán agus Teilifíse]
- Bronnadh Dámhachtain Léiritheoirí Scáileáin Éireann (Screen Producers Ireland) ar Bill McDonald [BA (Onóracha) i nDéanamh Samhaltán,

Dearadh agus Éifeachtaí Digiteacha]

- Bronnadh Dámhachtain Ghild Scríbhneoirí na hÉireann ar Alexandra Hanes [MA i Scríbhneoireacht Scáileáin do Scannáin agus Teilifís i ngeall ar Scríbhneoireacht Scáileáin]
- Bronnadh Dámhachtain RTÉ do Léiriúchán Craolta ar Mimi Doran [MA i Léiriúchán Craolta don Raidió agus Teilifís]
- Bronnadh Dámhachtain Stiúideonna an Aird Mhóir le haghaidh Dearaidh le haghaidh an Stáitse agus an Scáileáin ar Paula Shanahan [BA (Onóracha) i nDearadh le haghaidh an Stáitse agus an Scáileáin – Dearadh Léiriúcháin]

Dámhachtainí an SNS Mhic Léinn na Bliana

(Samhain 2013)

Bronnadh Dámhachtainí Mac Léinn ar na mic léinn a leanas ag an searmanas bronnta céimeanna i Samhain 2013:

- Roy Sweeney [Baitsiléir Innealtóireachta sa Teicneolaíocht Meáin Closamhairc]
- Brendan Riera [Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Teicneolaíocht Meán Digiteach]
- Dina Malone [Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach]
- Daniel McKay [Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán/Innealtóireacht Gréasáin]
- Jennifer Doyle agus Martin Walsh [Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach]
- Aveen Moran [Máistreacht Eolaíochta sa Chibearshíceolaíocht]

Dámhachtain Ionad Oideachais na Carraige Duibhe (Samhain 2013)

Bronnadh Dámhachtain Ionad Oideachais na Carraige Duibhe ar Oisín Carroll [BA (Onóracha) i Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán/Innealtóireacht Gréasáin] i ngeall ar an Tionscadal Oideachais is Fearr dá Uirlis Teagaisc ScriptEasy

An Comórtas 30under30

Roghnaíodh Lynn Rothwell [BA (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht 2012]

mar dhuine de bhuaiteoirí an Chomórtais 30under30 a bhí á reáchtáil ag Magnum Photos agus an Taispeántas Grianghrafadóireachta (The Photography Show). Taispeánadh saothar Lynn ag an Ionad Náisiúnta Taispeántais, Birmingham i bhFeabhra 2014)



Comórtas SAP InnoJam – bhuaigh

Jonathan Byrne, Rob McMackin, William McMorrow agus Thorsten Schaeff [mic léinn na 3ú bliana sa BSc (Onóracha) i Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán/Innealtóireacht Gréasáin] Comórtas SAP InnoJam, a chuaigh in iomaíocht le 7 bhfoireann eile ó Ollscoileanna ar fud na tíre. Trí chumhacht ríomhaire bhunachar inchuimhne “HANA” SAP ú húsáid, bhí an ceathrar mac léinn in ann an meánam taistil a ríomh ar aon bhealach bus i mBaile Átha Cliath agus sonraí tráchta thar thréimhse cúig mhí dhéag de chuid Bhus Átha Cliath á n-úsáid a sholáthair Dublinked. (Feabhra 2014)



Dámhachtain na

Cineamatagrafaíochta is Fearr –

bhuaigh Steven Daly [MA i Scríbhneoireacht Scáileáin] agus Michael Gilbert [BA (Onóracha) i Léiriúchán Scannán agus Teilifíse 2013] Dámhachtain na Cineamatagrafaíochta is Fearr ag Féile Scannán Domhanda Queens, Nua-Eabhrac dá ngearrscannán dar teideal “Unfold”. (Aibreán 2014)

Dámhachtainí Náisiúnta Mic Léinn na Meán (SMEDIAS)

Bronnadh Dámhachtainí ag an SMEDIAS i mBaile Átha Cliath an 9 Aibreán, 2014 ar na mic léinn a leanas de chuid an IADT:

- Bhuaigh Kieran Murray [BA (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht] ‘Grianghrafadóir Spóirt na Bliana’
- Bhuaigh William Kelly [BA (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht] ‘Grianghrafadóir Nuachta na Bliana’
- Bhuaigh David Greene [BA (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht] ‘Grianghrafadóir na Bliana’
- Bhuaigh Thomas Young [BA (Onóracha) sa Bheochan] ‘Gearrbheochan na Bliana’

- Bhuaigh Michael Carolan [BA (Onóracha) i Léiriúchan Scannán agus Teilifíse] ‘Gearrscannán na Bliana’

Comhdháil Bhliantúil na Mac Léinn

Síceolaíochta – bhuaigh Audrey Stenson [MSc sa Chibearshíceolaíocht] an Dara Duais sa Chur i Láthair Iarchéime ó Bhéal ag 36ú Comhdháil Bhliantúil na Mac Léinn Síceolaíochta in DCU. Rinne Audrey a cuid taighde – ‘Examining the role of Facebook in college adjustment for undergraduate first year students’ (Aibreán 2014) a chur i láthair.

Buaiteoir Chomórtas Léirshamhlaithe Dublinked

– bhuaigh William McMorrow [an 4ú bliain sa BA (Onóracha) i Ríomhchlárú Ilmheán/Innealtóireacht Gréasáin] Comórtas Léirshamhlaithe Dublinked dá fheidhmchlár ‘Dublin Road Quality’. Feidhmchlár dinimiciúil agus idirghníomhach is ea a fheidhmchlár a dhéanann sonraí a sheolann saoránaigh chuig feidhmchlár Fixyourstreet.ie de chuid Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath a léirshamhlú (Meitheamh 2014)

Fleadh Scannán na Gaillimhe (Iúil 2014)

Bronnadh dámhachtainí ar na mic léinn a leanas den IADT ag Flais Scannán na Gaillimhe:

- Bronnadh an tSraith Beochana is Fearr i nGearrscannán ar Anita Gaughan [an 4ú bliain sa BA (Onóracha) i mBeochan] le haghaidh “Vertical Horizons”;
- Bronnadh an Chéad Ghearrbheochan is Fearr ar Clare Carroll [an 4ú bliain sa BA (Onóracha) i mBeochan] le haghaidh “A Girl’s best Friend”;
- Bronnadh an Gnéchlar Éireannach is Fearr ar Terry McMahon [MA i Scríbhneoireacht Scáileáin 2006] le haghaidh “Patrick’s Day”;
- Bronnadh Dámhachtain Pitseála Fhleadh Scannán na Gaillimhe ar Cian McGarrigle [BA (Onóracha) i Scannáin agus Teilifís 2006] le haghaidh ‘12-Gauge Withdrawal’;
- Bronnadh Dámhachtain Donal Gilligan le haghaidh na Cineamatagrafaíochta is Fearr ar Patrick Jordan [BA (Onóracha) i Scannáin agus Teilifís 2002] le haghaidh “Volkswagen Joe”;
- Bronnadh Dámhachtain McBride le haghaidh an Ghearrdhráma is Fearr ar Dave Tynan [BA (Onóracha) i Scannáin agus Teilifís le haghaidh “Rockmount”

4.6.2 Éachtaí na Mac Léinn/na nIarchéimithe – 2013/2014

An Comórtas ‘Imircigh san Eoraip’ (‘Migrants in Europe’) – Rinne Svetlana Zabelina, mac léinn 3ú bliain sa BA (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht ionadaíocht d’Éirinn i mbabhta ceannais an Chomórtais ‘Imircigh san Eoraip’. Roghnaigh grianghraf Svetlana as 1,500 saothar a fuarthas ó gach ceann de bhallstáit na hEorpa, agus roghnaigh an Giúiré Eorpach 27 iomaitheoir sa bhabhta ceannais. (Deireadh Fómhair 2013)

Deilbhíní Fhéile Bheochana na Carraige Duibhe – Rinne Elin Adler [BA (Onóracha) i nDéanamh Samhaltán, Dearadh agus Éifeachtaí Digiteacha] na deilbhíní a dhearadh agus a chruthú d’Fhéile Scannáin Bheochana na Carraige Duibhe 2013. (Deireadh Fómhair 2013)

Intéirneacht Chlár Washington-na hÉireann – Roghnaíodh William O’Reilly, mac léinn 3ú bliana an BA (Onóracha) i gclár na Síceolaíochta Feidhmí mar intéirneach as na 30 intéirneach de chuid Chlár Washington-na hÉireann don bhliain 2014. Is é aidhm Chlár Washington-na hÉireann um Sheirbhís agus Ceannaireacht chun an chéad ghlúin eile de cheannasaithe a fhorbairt agus chun comhoibriú a mhéadú idir Tuaisceart agus Deisceart na hÉireann. (Eanáir 2014)

Dearadh Buaitheach ‘It’s a Bees Life’ – Bhuaigh Cliona Ward agus Gráinne Smith (sa phictiúr thíos) mic léinn sa 3ú bliain sa BA (Onóracha) i nDearadh Cumarsáid Amhairc] an dearadh is fearr sa chomórtas ‘It’s a Bees Life’ a choimisiúnaigh Cónaidhm Chumainn Bheachairí na hÉireann. Taispeánadh a saothair i Leabharlann an RDS i Samhain 2013.



‘The Cunning Little Vixen’ – Chruthaigh Mic Léinn an IADT sa BA (Onóracha) sa chlár

Dearadh le haghaidh an Stáitse agus an Scáileáin an feisteas agus na dearthaí seit do léiriúchán ‘The Cunning Little Vixen’ le Leo Janacek i gcomhoibriú le Comhlach de Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann agus Acadamh Lir ag Coláiste na Tríonóide, (Eanáir 2014).

An Taispeántas “A Certain Silence” – Sholáthair Liza Cauldwell [BA sna Minealaíona 2004] Caint Ealaíontóra ag the Drawing Project, Dún Laoghaire an 5 Márta 2014. Lean oscailt a taispeántais é seo, dar teideal “A Certain Silence”, a scrúdaigh léaráidí an bhaile, spás áitrithe, earraí agus caillteanas.

An Taispeántas “Innovate Illuminate” – thaispeáin mic léinn 1ú Bliain sa BA (Onóracha) i gCleachtas na nAmharc-Ealaíon a gcuideadh saothair ag an IMMA ón 8 go dtí an 15 Bealtaine 2014. D’oscail an Dr Eimear O’Connor, HRHA, ó Ionad Taighde Ealaíne na hÉireann (an TRIARC), an Roinn Stair na hEalaíne agus na hAiltireachta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath an taispeántas.

Taispeántas Iarchéimithe Grianghrafadóireachta an IADT – thaispeáin Samuel Cunnane [BA (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht 2011] a shaothar i nDánlann Kerlin, Baile Átha Cliath ón 2 go dtí an 13 Bealtaine 2014.

An Taispeántas “INGRAINED” – Thaispeáin mic léinn na 4ú Bliana sa BA (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht a saothar in Moxie Studios, Baile Átha Cliath ón 22 go dtí an 28 Bealtaine 2014.

Scannáin Fhleadh Scannán na Gaillimhe a chur ar Scáileán
(Iúil 2014)

Taispeánadh scannáin na mac léinn agus na n-iarchéimithe a leanas ag Fleadh Scannán na Gaillimhe:

- “Skunky Dog”, stiúrtha ag James Fitzgerald [an 4ú Bliain (Onóracha) i Scannáin agus Teilifís]
- “Hollowlands”, stiúrtha ag Greg Colley [an 4ú Bliain (Onóracha) i Scannáin agus Teilifís]
- “Bo”, stiúrtha ag Oisín Bickley [4ú Bliain sa BA (Onóracha) i Scannáin agus Teilifís]

- “Lena Gray”, léirithe ag Melissa Malone [4ú Bliain sa BA (Onóracha) sa Bheochan]
- “In Sheep’s Clothing”, le Aisling O’Reilly [an 4ú Bliain (Onóracha) i mBeochan]
- “Your Move”, le Simon Riley [4ú Bliain sa BA (Onóracha) i mBeochan]
- “Useless”, le Eva Kavanagh [4ú Bliain sa BA (Onóracha) i mBeochan]
- “Darkness on the Edge of Town”, stiúrtha ag Patrick Ryan [BA (Onóracha) i nDearadh Cumarsáid Amhairc 2011]

Bhain na mic léinn a leanas Lua Speisialta amach ag Féile Fhleadh Scannán na Gaillimhe:

- Conor Hamil agus Joshua Burdon [4ú Bliain

sa BA (Onóracha) i Scannáin agus Teilifís] le haghaidh “Luke” i gcatagóir dhámhachtain an Chéad Ghearrscannáin is Fearr

- Sarah Walsh [4ú Bliain sa BA (Onóracha) i mBeochan] le haghaidh “Marrying the Sea” i nDámhachtain James Horgan le haghaidh chatagóir na Beochana is Fearr

An Bailiúchán Náisiúnta Portráidí –

Cuireadh Portráid Vera Klute [BA (Onóracha) sa Mhínealaín 2006] den tSiúr Stanislaus Kennedy le Bailiúchán Náisiúnta Portráidí Dhánlann Náisiúnta na hÉireann (Lúnasa 2014).



Tionscadail Stallaí Fiontraíochta Mac Léinn ag Páirc Marley

4.7 Seirbhísí agus Áiseanna do Mhic Léinn

4.7.1 Coiste Airgeadais Sheirbhísí do Mhic Léinn

An 5 Samhain 2012, d'fhaomh comhaltaí Choiste Seirbhísí na Mac Léinn athrú theideal an Choiste go dtí Coiste Airgeadais Sheirbhísí do Mhic Léinn (an SSFC), i gcomhthéacs Thuarascáil 2011 an Údaráis um Ard-Oideachas maidir le Ranníocaíocht an Mhic Léinn, anuas ar bhunú Fhochoiste um Éispéireas Mic Léinn na Comhairle Acadúla.

Is é seo a leanas ról an SSFC:

- Breithniú a dhéanamh ar mholtaí bliantúla a chuirtear faoi bhráid Fheidhmeannacht na hInstitiúide agus na moltaí sin a dhéanamh

maidir le leithdháileadh cistí institiúide do sheirbhísí do mhic léinn;

- Breithniú agus cinneadh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar dháileadh cistiú institiúide a leithdháiltear ar sheirbhísí do mhic léinn;
- Tuarascáil bhliantúil a ullmhú lena scaipeadh ar phobal an champais;
- A chinntiú go bhfreastalaítear ar leasanna agus buarthaí mic léinn go cuí laistigh den phróiseas comhairliúcháin.

4.7.2 An Fochóiste um Éispéireas Mic Léinn

An 15 Deireadh Fómhair 2012, d'fhaomh an Chomhairle Acadúil bunú an Fochóiste um Éispéireas Mic Léinn chun breithniú a dhéanamh ar bheartais um fholláine mhic léinn a thacaíonn leis an mac léinn ina gcuid foghlama, a chumasaíonn breis forbartha a dhéanamh ar thimpeallacht thacúil champais, agus a shainaitníonn díriú sonrath le haghaidh idirghabhála.

Ag a cruinniú an 12 Samhain 2012, d'fhaomh an Chomhairle Acadúil cónascadh Fochóiste na Leabharlainne agus an Fochóiste um Éispéireas Mic Léinn.

Is é aidhm an Choiste um Éispéireas Mic Léinn:

- Beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus moltaí a thabhairt orthu a bhaineann le folláine fhoriomlán mic léinn, agus tagairt don mhéid a leanas:
 - Ranníocaíocht an mhic léinn le pobal an champais
 - Tionscnaimh chun timpeallacht fhairsing ghairmiúil, a léiríonn meas agus chruthaitheach
 - Cairt Foghlaimeoirí



- Ambasadóirí mac léinn, e.g. meantóir, scéimeanna cunta etc.
- Iompar mic léinn
- Tacú le mic léinn ag a bhfuil riachtanais ar leith
- Idirghníomhú/cumarsáid idir seirbhísí/aonaid agus ranna acadúla sonracha
- Timpeallacht ghinearálta na hInstitiúide agus an tionchar a imríonn sí ar mhic léinn

- Ionchur isteach i straitéis na hInstitiúide le haghaidh Tacaíochtaí Mic Léinn agus príomhtháscairí feidhmíochta a mholadh don chéanna;
- Caighdeáin chuí do sheirbhísí do mhic léinn a bhunú agus a athbhreithniú i gcomhoibriú leis an soláthraí seirbhíse faoi seach, e.g., Seirbhís Sláinte, Eastáit agus Saoráidí/Oifig TFC, agus Leabharlann;
- An tuarascáil bhliantúil a fháil agus breithniú a dhéanamh uirthi ón bhFoireann Seirbhísí do Mhic Léinn agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle Acadúil a eascraíonn ón gcéanna nuair is cuí;
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh i dtéarmaí ginearálta, ar shaincheisteanna a eascraíonn ó casaoidí/ghearáin agus ceisteanna smachta mic léinn a bhaineann le heispéireas na mac léinn ar an iomlán, agus an Chomhairle Acadúil a chur ar an eolas faoi mar is cuí;
- Tionscnaimh a bhunú nó a chur chun cinn a thacaíonn le timpeallacht a chruthú a fheabhsaíonn eispéireas Institiúide an mhic léinn.

4.7.3 Seirbhísí do Mhic Léinn

An Oifig Rochtana

- Cuireann an Oifig Rochtana tacaíocht ar fáil do na grúpaí mac léinn seo a leanas:
 - foghlaimoirí aosacha
 - mic léinn faoi mhíchumas
 - lucht fágála scoile faoi mhíbhuntáiste sóisialta
 - mionlaigh eitneacha / daoine den lucht siúil
 - tuismitheoirí aonair
- Sa chéad bhabhta d'arratais ar an gCiste Cúnta do Mhic Léinn (i Samhain 2013), rinne 281 mac léinn, ar an iomlán, iarratas ar chúnadh airgeadais, agus d'éirigh le 131 mac léinn. Sa dara babhta d'arratais (i bhFeabhra 2014), rinne 278 mac léinn, ar an iomlán, iarratas, agus d'éirigh le 214 díobh.
- Lean méadú ag teacht ar an líon mic léinn a d'fhógair go raibh siad faoi mhíchumas in 2013/14, agus bhí an ráta rannpháirtíochta ab airde (10.6%) le sonrú san IADT.
- Lean an Oifig Rochtana ag déanamh nasc le grúpaí pobail áitiúla lena n-áirítear:
 - Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath
 - Comhpháirtíocht Bhré
 - An Oifig um Oideachas Aosach
 - An tAonad um Chuimsiú Sóisialta (Comhairle Contae Dhún Laoghaire/ Ráth an Dúin)
 - UNITE (Tionscadal Dhún Laoghaire do Dhídeanaithe)
 - Grúpa Gníomhaíochta Lucht Siúil Dheisceart Bhaile Átha Cliath
 - AONTAS (an Cumann Náisiúnta um Oideachas Aosach)
 - Clár Saoil de dhaoine atá faoi mhíchumas intleachta (DDLETB)
 - Coiste Éagsúlachta Garda Síochána Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
 - Bunscoileanna agus scoileanna naisc dara leibhéal DEIS, anuas ar choláistí Breisoideachais.
- Lean an Oifig Rochtana, chomh maith leis sin, le líonraí náisiúnta a thógáil, ina measc:
 - Mic Léinn Aibí Éireann (MSI)
 - An Líonra Oibrithe Comhairleoirí Míchumais (DAWN)
 - Rochtain Inrochtana ('Access Made Accessible') (AMA)
 - Cumann Disléicse na hÉireann
 - An Cumann um Rochtain

Ardoideachais agus Míchumas
(AHEAD)

Teicneolaíocht Chúnta:

- Thacaigh an tseirbhís Teicneolaíochta Cúnta le 140 mac léinn in 2013/14, agus baineadh leas as réimse teicneolaíochtaí, lena n-áirítear ríomhairí glúine agus bogearraí tiomanta Teicneolaíochta Cúnta.
- Rinneadh measúnú ar 58 mac léinn, ar an iomlán, i dtaobh riachtanais teicneolaíochta cúnta, agus d'eascair meaitseáil níos cruinne den teicneolaíocht chúnta as seo don mhac léinn aonair.
- Mar gheall ar na líonta méadaitheacha de mhic léinn a úsáideann ríomhairí glúine pearsanta, theastaigh méadú ar an leibhéal d'oiliúint trí Blackboard VLE.
- I measc shraith na dTeicneolaíochtaí Cúnta a úsáideadh go comónta, bhí an méid a leanas:
 - Crua-earraí – Ríomhairí Glúine, foclóirí Leictreonacha agus stórchiste, Scanóirí chun téacs a choigeartú ina théacs leictreonach agus Deactafóin
 - Bogearraí – Read and Write Gold 9 (Bogearraí um chúnadh litearthachta), Ginger (bogearraí néalbhunaithe um chúnadh litearthachta); Dragon Naturally Speaking 11.5 (Bogearraí deachtaithe guth go dtí téacs); Mindmanager (Bogearraí meabhairmhapála); Formhéadaitheoirí scáileán, PDF Aloud, agus MS Word arna úsáid lena chuid gnéithe inrochtaineachta.



Seirbhís Chomhairleoireachta:

- I rith 2013/14, thug 181 mac léinn cláraithe faoi chonarthaí síceteiripeacha, arb ionann sin agus 8.7% den daonra mic léinn. B'ionann seo agus méadú 1.5% ar an tréimhse 2012/13.
- I rith bhliain acadúil 2013/14, chuir an tSeirbhís Chomhairleoireachta 927 coinne ar fáil agus soláthraíodh 17 n-idirghabháil géarchéime.
- Soláthraíodh plean caighdeánach ionduchtúcháin le haghaidh mhic léinn an 1ú bliain, agus eagraíodh cuairteanna ranga.
- In 2013/14, leanadh le Titanium a chur chun feidhme go rathúil i mbainistíocht na n-ardlionsa mic léinn a bhí ag freastal ar an tseirbhís. Bunachar sonraí speisialaithe é seo le haghaidh seirbhís rúnda mheabhairshláinte a laghdaíonn an líon córais de lámh, a sholáthraíonn cosaint méadaithe do shlándáil sonraí rúnda agus a éascaíonn tacaíocht ríomhairithe i mbainistíocht seirbhísí/idirghabhála a sholáthraíonn an tSeirbhís Chomhairleoireachta Mic Léinn.
- In 2013/14, baineadh triail phiolótach as uirlisí scagtha chun measúnú a dhéanamh ar oibriú na seirbhíse comhairleoireachta mic léinn. Uirlis 34 earra é seo a dhéanann 4 thoise a thomhais ar gnách go n-imrítear tionchar orthu i measc mic léinn ag a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte: riosca, síocóis, fadhbanna le feidhmiú agus folláine shuibiachtúil. Ríomhtar scór foriomlán, a chumasáíonn beartú tosaíochta mic léinn 'atá i mbaol' le haghaidh coinne láithreach.

An tSeirbhís Scileanna

Scríbhneoireachta agus Taighde:

In 2013/14, sholáthair an tSeirbhís Scileanna Scríbhneoireachta agus Taighde (an WRSS) an dara bliain dá conradh trí bliana chun réimse cuimsitheach de thacaíochtaí a chur ar fáil do mhic léinn, lena n-áirítear Measúnuithe Riachtanas, tacaíocht d'iarraitais ar chistiú, socruithe i dtaca le Freastal ar Scrúduithe, dul i dteagmháil le Cinn Roinne, Comhordaitheoirí Cláir agus le Léachtóirí maidir le deacrachtaí atá ag mic léinn.

- Is iad cuspóirí na Seirbhíse ná cabhair a thabhairt do mhic léinn chun a lánchumas a bhaint amach, éilimh ar acmhainní foirne a laghdú agus a chinntiú go mbaintear caighdeán riachtanais na gclár amach. Baintear é seo amach trí mheascán de sheimineáir maidir le hábhair is cúram do mhic léinn a reáchtáil, ranganna teagaisc duine le duine a shocrú d'fhonn dul i ngleic le deacrachtaí ar leith a bhíonn ag mic léinn aonair, agus áiseanna tacaíochta a chur ar fáil do mhic léinn a bhfuil Saindeacrachtaí Foghlama/Dislécise acu.

- Sa mhullach ar thacaíocht speisialaithe, cuireann an WRSS seirbhís scagtha ar fáil tar éis don fhoireann mic léinn a atreorú d'fhonn a shoiléiriú cad a d'fhéadfadh bheith i gceist le deacrachtaí mic léinn. Chun diagnóis chríochnaitheach Dislécise/Saindeacracht Foghlama a dhéanamh, is gá do shíceolaí oideachasúil measúnú iomlán a dhéanamh.
- I rith 2013/14, chláraigh 184 mac léinn leis an WRSS.
- I rith bhliain acadúil 2013/14, nocht rátaí rannpháirtíochta an WRSS ardléibhéil de mhic léinn a ndearna deacrachtaí comhghalracha sonracha foghlama difear dóibh óna dteastaíonn riachtanais chasta tacaíochta.
- In 2013/14, rinne an WRSS scannán a léiriú ar mhic léinn Rochtana ar a bhfuil Dislécise, le cúnamh ó mhac léinn sa bhliain deiridh san IADT. Taispeánadh an scannán ag seimineár Chumann Dislécise na hÉireann mar acmhainn oiliúna.
- Dlúthoibríonn an tSeirbhís leis an Oifigeach Rochtana agus cinntíonn siad, i dteannta a chéile, go ngníomhachtaítear gach cistiú agus tacaíocht ar a bhfuil fáil ó chistiú seachtrach ó Chiste ESF na hOifige Náisiúnta Rochtana.
- Coimeádann an WRSS i dteagmháil le gníomhaireachtaí seachtracha, ar nós an Chumainn um Rochtain Ardoideachais agus Michumas, an Oifig Rochtana Náisiúnta agus Cumann Dislécise na hÉireann.

An tSeirbhís Altranais:

- Tá Ionad Sláinte na Mac Léinn ag oibriú le 16 bliana anuas, agus cuireann sé cúram leighis agus altranais ar fáil do mhic léinn chláraithe an IADT. Soláthraítear an tseirbhís faoi stiúir altra 39 uair sa tseachtain.
- Láimhseáiltear cásanna éigeandála amháil a thagann siad aníos, agus is gnách go mbíonn fáil ar choinní neamhphráinneacha laistigh de 1-3 lá. Gearrtar táille €10 ar chomhairliúcháin leis an Dochtúir Ginearálta, ach ní ghearrtar aon táille ar chomhairliúcháin leis an Altra.
- Cuireadh 2,992 comhairliúcháin altranais ar fáil do mhic léinn le

linn bhliain acadúil 2013/14 ar an iomlán.

- I rith bhliain acadúil 2013/14, spreagadh mic léinn a tháinig i láthair agus galair fhadtéarmacha ainsealacha orthu chun freastal ar a nDochtúir Ginearálta féin (go háirithe más as ceantar Bhaile Átha Cliath iad).
D'eascair laghdú 1.5% as seo ar líon na gcomhairliúcháin i rith na bliana.
- I rith 2013/14, rinne altraí idirchaidreamh le hAontas na Mac Léinn ar éagsúlacht tionscnamh a bhain le sláinte mhic léinn. Anuas air sin, sholáthair na haltraí monatóireacht, cosc agus cóireáil i leith galair theagmhálacha, ina measc siúd: fliú, leicneach, bruitíneach, meiningíteas agus triuch.
- In 2013/14, d'fhreastail altra ar 16 éigeandáil leighis ar an gcampas, i measc na mac léinn agus na foirne. Anuas air sin, déileáladh le 2 theagmhas chriticiúla, a raibh saincheisteanna meabhairshláinte i gceist leo.

An tSeirbhís Ghairmthreorach:

- I measc na hoibre a dhéanann an tSeirbhís Ghairmthreorach, tá cruinnithe duine le duine le mic léinn, fiosrúcháin ó mhic léinn, cuairteanna ar sheomraí ranga agus láithreoireachtaí maidir le gairmeacha beatha, cainteoirí ar cuairt, Aonaigh Ghairmeacha Céime, ceardlanna gairmeacha agus Suirbhéanna ar Chinn Scríbe Gairme.
- I rith bhliain acadúil 2013/14, chuir an tSeirbhís Chomhairleoireachta 182 coinne chomhairleoireacht ghairme ar bun, agus sholáthair mic léinn bhaineanna 93 díobh seo agus sholáthair mic léinn fhireanna 89 díobh. Is ionann seo agus laghdú 6% ar 2012/13
- I measc na limistéar a bhí cumhdaithe ag na coinní seo, bhí: roghanna cláir/ábhair, aistarraingt ó chláir/cláir a chur siar,

4.7.4 Aontas na Mac Léinn

I mí na Samhna 1998, bunaíodh Aontas na Mac Léinn ag an Institiúid chun ionad aíocht a dhéanamh ar leasanna na mac léinn agus iad ag déileáil le húdaráis na hInstitiúide, agus chun cur le saol sóisialta agus cultúrtha na mac léinn ar an gcampas.



dul ar aghaidh ó Leibhéal 7go dtí Leibhéal 8, staidéar iarchéime, straitéisí cuardaigh poist, ag oibriú/ag taisteal thar lear, CV agus iarratais, agallaimh, taithí oibre, obair pháirtaimseartha/shamhraidh agus scoláireachtaí.

- I rith 2013/14, d'eagraigh an tSeirbhís Ghairmthreorach na gníomhaíochtaí a leanas:
 - Ullmhú do Shocrúchán Oibre (i gcomhar leis na hOifigigh Shocrúchán Oibre na Roinne)
 - Clinic bhliantúil CV
 - Fóram Fostóirí, ina raibh baint ag 11 fhostóir teicneolaíocht faisnéise/na meán digiteach
 - Cur i Láthair Fostóirí Vodafone
 - Cur i Láthair ag Clár Céimithe Choimisiún Fulbright agus Clár Washington-na hÉireann
 - Imeacht um Oibriú agus Taisteal Thar Lear agus Obair Dheonach
 - "Taking Control of Your Future" – ceardlanna do mhic léinn atá díreach tar éis a gcuid staidéir a chríochnú.
- Ghlac an tOifigeach Gairmeacha páirt i bhfoireann Sheirbhísí do Mhic Léinn i gClár Ionduchtúcháin Cheisteanna na Chéad Bhliana (FYM) i Meán Fómhair 2013.

Tá Aontas na Mac Léinn cleamhnaithe le USI. Ba iad an tUachtarán agus Leas-Uachtarán do bhliain acadúil 2013/14 an tUasal Niamh Devereux agus an tUasal David Keaveney, faoi seach.

Mír 5

Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha



5.1 Gníomhaíochtaí Forbartha

5.1.1 Forbairtí Ginearálta in 2013/2014

Cuairt Uachtarán Mhósaimbíc ar an Stát An 5 Meitheamh 2014, thug Uachtarán Mhósaimbíc, Armando Emilio Guebuza, agus toscaireacht d’Airí Rialtais cuairt ar an IADT chun casadh leis an bhfoireann a bhí freagrach as an tionscadal ‘the School in a Box’ (SIAB).

Dámhachtainí Chomhaltaí Oinigh an IADT

I rith bhliain acadúil 2013/14, thug an Institiúid Dámhachtainí Chomhaltaí Oinigh an IADT isteach. Bheartaigh an Coiste Ainmniúcháin Chomhaltaí Oinigh, an 14 Márta 2014, go mbronnfaí Dámhachtainí ar na comhaltaí a leanas den phobal:

- (i) Morgan O’Sullivan (Léiritheoir) mar aitheantas don mhéid a chuir sé le tionscal scannán agus teilifíse na hÉireann
- (ii) Cathal Gaffney (POF Brown Bag Films) don mhéid a chuir sé leis an scannán, teilifíse agus beochana
- (iii) Marian Keyes (Údar) i ngeall ar an ollmhéid a chuir sí leis an litríocht, príomhdhíriú BA (Onóracha) sa Bhéarla, Staidéar ar na Meáin agus Cultúrtha an IADT, agus ar a cuid oibre chun feasacht a mhúscailt i limistéar saincheisteanna meabhairshláinte.

D’fhaomh an Fhoireann Feidhmiúcháin an togra ag a cruinniú an 24 Márta 2014, agus d’fhaomh an Comhlacht Rialaithe ina dhiaidh sin é an 2 Aibreán 2014.

Dislécse san Ardoideachas

Chuir an IADT, mar aon leis an gCumann um Rochtain Ardoideachais agus Míchumas (AHEAD) seimineár ar bun ar Dhléicse san Ardoideachas an 27 Bealtaine 2014 mar chuid den sraith seimineár a bhí urraithe ag an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama. D’fhreastail de bhreis ar 70 toscaire ar an imeacht ó na hearnálacha Ardoideachais agus Breisoideachais ó áiteanna timpeall na tíre agus ina measc bhí, cur i láthair ó Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Donald Ewing ó Chumann Dislécse na hÉireann.

Rinne Sherra Murphy, Colm Olwill agus foireann ón tSeirbhís Tacaíochta Scribhneoireachta agus Taighde cur i láthair thar ceann na Rochtana agus an IADT. Cuireadh tús leis na Seimineáir le scannáin ina raibh mic léinn an IADT ag déanamh plé faoi conas a imríonn Dislécse

tionchar ar a bhfoghlaim a rinne an mac léinn den IADT, Greg Colley.

Scoláireacht RTÉ

In Aibreán 2014, tháinig Oifigí FÍS agus Rochtana an IADT i dteannta a chéile le RTÉ, Coláiste Sinsearach Bhaile Formaid, DCU agus DIT agus scoileanna DEIS, faoi seach, chun mic léinn na hidirbhliana a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar fhreastal ar an gcoláiste chun staidéar a dhéanamh ar na meáin / craolachán. Chaith na mic léinn seachtain in RTÉ agus thug siad cuairt ar champais éagsúla tríú leibhéal. Áiríodh le cuairt an ghrúpa ar an IADT turas ar an Scoil Náisiúnta Scannán a d’eagraigh Anne O’Leary agus plé ar na roghanna agus na bealaí éagsúla iontrála isteach san ardoideachas.

Rannpháirtíocht Campais (‘Campus Engage’)

An 16 Meitheamh, 2014, sheol Ruairí Quinn, an tAire Oideachais agus Scileanna, Rannpháirtíocht Campais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus chláraigh Uachtaráin 17 n-institiúid leis an gCairt um Rannpháirtíocht Shibhialta agus Pobail in Ardoideachas na hÉireann. Is é aidhm na Cairte chun gníomhaíocht rannpháirtíochta sibhialta agus pobail a chumasú agus a leabú ar fud campas agus pobal in Éirinn.

Léachtaí ar Cuairt an NFS – I measc na léachtóirí a thug cuairt ar champas na hInstitiúide i rith 2013/14, bhí Vivien Halas (Dearthóir buaiteach Léiriúcháin an IFTA) [11/10/13], Lenny Abrahamson (Stiúrthóir buaiteach an IFTA Fhéile Scannán Cannes) [10/12/13], an tOllamh Elizabeth Edwards (Staráí) [18/02/14], Robbie Ryan (Cineamatagrafadóir buaiteach Fhéile Scannán na Veinése) [19/02/14], agus Nik Powell (Táirgeoir Ceoil) [04/03/14].

Dámhachtainí Scannán FÍS – an 6 Samhain 2013, thit naoú Dámhachtainí bliantúla FÍS amach Héilics in DCU, bronnadh Olléacht i nDámhachtainí Scannán ar fhiche a ceathair bunscoil, agus bronnadh Dámhachtain Aileen MacKeogh d’Olléacht i nDéanamh Scannáin ar Bhunscoil Naomh Colmán, Baile an Mhóta, Contae Shligigh. Bhí an tUasal Tom ‘Jim’ Finn páirteach sa scannán buaiteach, ‘School Days Over’, agus é ag comhrá le daltaí Scoil Náisiúnta Naomh Colmán agus é ag athchuidíocht ar a chuimhní ar na laethanta a chaith sé ar scoil sna 1920idí agus sna 1930idí.

Féile Scannáin Bheochana na Carraige Duibhe – bhí 3ú Féile Scannáin Bheochana bhliantúil Bhaile Átha Cliath (ar tugadh Féile Scannán na Carraige Duibhe uirthi roimhe seo) ar siúl an 11 agus an 12 Deireadh Fómhair, 2013. Tá an Fhéile in ainm is sárthaispeántas a dhéanamh de thallann beochantóirí Éireannacha agus Idirnáisiúnta. Fuair an Fhéile 158 iontráil i mbliana. Rinne painéal de bhreithiúna neamhspleácha neamhspleácha atá bunaithe in Éirinn, Albain, an Fhrainc agus Tuaisceart Éireann measúnú ar na scannáin. Rinne Elin Adler sa BA (Onóracha) i nDéanamh Samhaltán, Dearadh agus Éifeachtaí Digiteacha na deilbhíní a dheardh agus a chruthú. Bhuaigh an céimí de chuid an IADT, Orla McHardy [BA (Onóracha) i mBeochan 2007] an “Dámhachtain Aitheantais Phobail” dá gearrscannán “Town”.

5.1.2 Tionscadail

Tionscnamh ACE ar Campas

Comhpháirtí atá san IADT in ACE (Fiontraíocht Campais a Luathú) agus i rith 2013/14, bhí baint aige i dTionscadal ‘an Mhic Léinn Ghníomhaigh’. Lorgaíonn Tionscadal an Mhic Léinn Ghníomhaigh chun an ról a fhiosrú a chomhlíonann Cumainn Fiontraíochta Mic Léinn chun an fhiontraíocht a leabú ar campas. Bhí an cheardlann tosaigh a rinne meas ar scóip an tionscadail ar siúl san IADT an 15 Eanáir 2014. Thionóil ionadaithe mic léinn agus foirne ón IADT, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan chun eispéiris a mhalartú agus chun pleananna a chur i bhfeidhm chun treoirilinte dea-chleachtais a fhorbairt le haghaidh cumainn fiontraíochta mic léinn a dhéanfar a roinnt ar fud na hearnála.

Anailísíocht Sonraí

Thug ionadaithe de chuid an Ionaid Léargais um Anailísíocht Sonraí – comhthionscnamh de chuid UCD, DCU, UCC agus OÉG – cuairt ar an IADT an 21 Márta 2014 chun comhoibriú féideartha a fhiosrú le taighdeoirí an IADT. Nil aon cheal eolaithe agus staitisteoirí ar Léargas (‘Insight’), ach tá comhpháirtithe á lorg acu chun cabhrú le limistéir ar nós dearadh comhéadain agus léirshamlú sonraí.

Ceisteanna na Chéad Bhliana

I Meán Fómhair 2013, tugadh isteach an tionscadal Ceisteanna na Chéad Bhliana, ar tionscnamh ar fud na hinstiúide é atá dírithe ar fheabhas a chur ar an eispéireas ionduchtúcháin i measc mhic léinn na chéad bhliana atá ag teacht chun na hollscoile den chéad uair. Spreagann an clár ceithre seachtaine mic léinn na chéad bhliana chun páirt a ghlacadh i

réimse gníomhaíochtaí, chun páirt a ghlacadh i gcumainn, idirghníomhú lena gcomh-mhic léinn, agus chun mic léinn a spreagadh a dhearbhu má bhíonn aon riachtanais bhreise acu.

SeeSearch

I Nollaig 2013, rinneadh an chéad mhac-chuideachta den IADT de SeeSearch – Vizolve Ltd. a bhunaigh an Dr Hilary Kenna. D’fhorbair SeeSearch teicneolaíocht a thacaíonn le hionadaíocht amhairc a dhéanamh de thorthaí cuardaigh, a chuireann eispéireas i bhfad níos bríche ar fáil don úsáideoir ná mar a chuireann an fhormaid chlasaiceach ar fáil.

Chun tacú le tráchtálú breise na teicneolaíochta, bhain an chuideachta infheistíocht amach ó Chiste Gnólachtaí Nuathionscanta Iomaíoch Fhiontraíocht Éireann agus Wayra – tionscnaimh Luasaire Telefonica le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta. An 25 Meitheamh, 2014 sheol an Méara Fintan Warfield SeeSearch ag Leabhar-lanna Bhaile Átha Cliath Theas. Cuireann an uirlis fionnachtana ar chumas chustaiméirí agus fhoireann na leabharlann araon chun tabhairt faoi chuardach singil i measc na n-acmhainní uile. Ina theannta sin, soláthraíonn SeeSearch torthaí cuardaigh ardamhairc a chabhraíonn le custaiméirí agus leis an bhfoireann chun na hacmhainní uile atá ar fáil a fheiceáil agus chun an réimse amas a baineadh amach a bhrabhsáil agus rogha a dhéanamh astu.

Imeallchríocha Nua (‘New Frontiers’)

I Meán Fómhair 2013, cuireadh tús leis an gclár ‘Imeallchríocha Nua’ i gCiúb na Meán. Cuireann an clár pacáiste de cheardlanna, meantóireacht, líonrú, tacaíochtaí airgeadais agus spás gorlainne ar fáil d’fhiontair luathchéime sna limistéir theicneolaíochta/ nuálaíochta. Soláthraíonn an IADT, i gcomhpháirtíocht le Hothouse Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath an clár 3 chéim atá cistithe ag Fiontraíocht Éireann. Maireann Céim 1 thart ar 2 mhí agus is clár páirtaimseartha é i dtaobh cineáil de, agus tugann na héascaitheoirí blas do na rannpháirtithe ar straitéisí nuathionscanta, agus dúshlán a chur roimh smaoinemh gnó gach rannpháirtí agus na rannpháirtithe a spreagadh chun méid áirithe de bhailíochtú margaidh a chruthú i dtaobh a dtáirge/seirbhíse beartaithe. Áirítear le Céim 2



tacaíocht cistithe do gach duine de na rannpháirtithe, faoi réir measúnú rialta a dhéanamh ar fheidhmíocht agus dul chun cinn, a chinntíonn rannpháirtíocht i sraith ceardlanna idirghníomhacha a théann i ngleic le gach gné den phróiseas nuathionscanta. Baineann tacaíocht sholúbtha le Céim 3 chun cabhrú le rannpháirtithe rathúla i dtreo infheistíochta agus fairsingiú, agus rochtain a sholáthar do spás deasc shealaíochta laistigh d'Ionad Górlainne Chiúb na Meán.

Fiontraíthe scáileáin á gCruthú ag Líonra Eorpach [European Network Growing A Generation of screen Entrepreneurs (ENGAGE)]

Bhí an 8ú sraith bhliantúil de Cheardlanna ENGAGE ar siúl ar an gcampas ón 31 Márta go dtí an 4 Aibreán, 2014. Tionscnamh comhoibritheach is ea ENGAGE idir an IADT, Acadamh Scáileáin na hAlban (Screen Academy Scotland) (Ollscoil Napier Dhún Éideann), an Scoil Scannán agus Mheán Bhaltach (Ollscoil Tallinn, an Eastóin) agus an Roinn Ealaíon, Ailtireachta agus Dearaidh (Ollscoil Aalto, Heilsincí, an Fhionlainn). Ghlac 20 mac léinn agus céimí déanta scannán ar an iomlán (scríbhneoirí, léirítheoirí agus stiúrthóirí) ó thíortha Eorpacha éagsúla páirt san imeacht. Trí mheascán de chlinicí tionscadail, seisiúin phitseála, imeachtaí líonraithe agus cás-staidéir, bhain na rannpháirtithe tuiscint níos fearr amach ar chomhtháirgeadh idirnáisiúnta agus ar chineál na forbartha comhoibríthí tionscadail.


Tionscadail Taighde Eorpacha

Cuireadh tús le trí tionscadal taighde Eorpacha nua i mbliain acadúil 2013/14 mar thoradh ar na tairiscintí rathúla faoi chlár um Fhoghlaim ar feadh an tSaoil de chuid an AE:

- **An Tionscadal mTraining** – is é an cuspóir atá aige seo chun modheoalíocht 'Córas Tacaíochta Feidhmíochta soghluaiste' (mPSS) a aistriú go dtí limistéar an ríomhghnó. Baineadh seo amach trí Mhodheolaíocht Oiliúna Soghluaiste Ríomhghnó a fhorbairt agus clár píolótach oiliúna a thabhairt isteach sa Pholainn agus sa Spáinn. Rinne an IADT

comhpháirtíocht le INVESLAN (ionad taighde shóisialta agus margaidh) sa Spáinn, Nowoczesna Firma (gnóthas réitigh bhainistíochta forbartha) agus le Obserwatorium Zarządzania (Fondúireacht Breathnóireachta Bainistíochta) sa Pholainn, chun an réiteach oiliúna agus foghlama soghluaiste seo a fhorbairt le haghaidh gnó. Cuireadh deireadh le cistiú don tionscadal seo i Nollaig 2013.

- **An tionscadal Seaimpíní Cuimsithe Shóisialta na hEorpa (DICE)** – is é an cuspóir chun cabhrú le daoine atá faoi mhíchumas chun na scileanna digiteacha a fhorbairt atá riachtanach chun fostaíocht agus oideachas príomhshrutha a iontráil, agus chun cabhrú le fostóirí agus oideachasóirí chun áiteanna níos inrochtana i dtaobh cúrsaí digiteacha a dhéanamh dá n-ionaid oibre agus dá dtimpeallachtaí foghlama. Bainfear seo amach trí nuálaíocht a aistriú ó thionscadal den IADT ar tugadh faoi roimhe seo, www.gateway2at.org anuas ar phróiseas bailithe sonraí faoi riachtanais úsáideora.



Tá comhpháirtíocht déanta ag an IADT le Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill, Interprojects (soláthraí speisialaithe oiliúna do dhaoine atá faoi mhíchumas) sa Bhulgáir, an NGO (institiúid fondúireachta le haghaidh forbairt réigiúnach a oibríonn le grúpaí atá eisiata i dtaobh cúrsaí sóisialta) sa Pholainn, agus Phoenix KM (sainchomhairleoirí inrochtana) sa Bheilg. Cisteofar an tionscadal seo go dtí an 30 Meán Fómhair 2015.

- **An Tionscadal iPro** – is é cuspóir an tionscadail seo chun creat samhla atá bunaithe ar thaighde a fhorbairt agus a dháileadh a chabhróidh le hinstiúidí Gairmoideachais agus Oiliúna agus Ardoideachais chun an curaclam a mheitseáil chun freastal ar riachtanais an phobail ghnó ealaíon agus meán. Bainfear seo amach trí anailís riachtanas a dhéanamh ar inniúlachtaí agus scileanna gairmí meán a dtabharfar faoi in 8 dtír Eorpacha, a chuirfidh

faisnéis ar fáil d'fhorbairt creat samhla um dheardh curaclaim le haghaidh na Meán Digiteach agus Oideachas Ealaíon. Chomhoibrigh an IADT le comhpháirtíocht straitéiseach de shaineolaithe tionscail agus oideachais ar fud na hEorpa in Éirinn, an Liotuáin, an Bhulgáir, an Rómáin, an Iodáil, an Chróit, an Pholainn agus an Bheilg. Cisteofar an tionscadal seo go dtí an 30 Meán Fómhair, 2015.

Dearbháin Nuálaíochta

I gcaitheamh na bliana, chríochnaigh comhaltaí foirne an IADT 13 thionscadal comhoibrithe faoi Scéim Dearbháin Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann. Ceadáíonn an tionscnamh seo d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide Éireannacha chun dearbhán a fháil ar fiú €5,000 é a úsáideann siad chun comhoibriú taighde agus forbartha a mhaoiniú le hinstitiúid ardoideachais. Tháinig dhá thionscadal déag laistigh d'fhormáid an Dearbháin Nuálaíochta Caighdeánaí, a raibh buiséad €5,000 an ceann acu, agus bhain comhoibriú suntasach le tionscadal amháin inar ndearna Fiontraíocht Éireann ranníocaíocht €5,000 agus ina ndearna an chuideachta ranníocaíocht €13,000. Bhí réimse limistéir dhisciplíne i gceist leis na tionscadail, ina measc léirshamlú sonraí, dearadh comhéadain, samhaltú 3D agus forbairt aipeanna.



5.2 Naisc Sheachtracha Forbartha

Fóram Fostóirí an IADT: TF/Meáin Dhigiteacha

Chuir an t-imeacht seo an 19 Feabhra 2014, a d'eagraigh an tSeirbhís Ghairmeacha agus an Roinn Teicneolaíochta agus Siceolaíochta, ar chumas mhic léinn an IADT ó gach disciplín chun éisteacht le fostóirí éagsúla céimithe de chuid an IADT, agus díriú ar na meáin dhigiteacha. Airíodh leis an tráthnóna seisiún ceisteanna agus freagraí a d'óstáil an IADT. Chuir na fostóirí iad féin in aithne agus thug siad cuntas ar an saghas deiseanna a tugadh do chéimithe ón IADT ina gcuideachta faoi seach. Lean deiseanna líonraithe é seo agus cuireadh sólaistí ar fáil lena linn seo. I measc na bhfostóirí a d'fhreastail ar an bhfóram, tá: IQ Content, Lucidity Digital, Software Design, Amigo Media, Lightbox, SAP, Visual ID, Symantec Corp, Radical agus Furious Tribe.

Togra Tempus (ALIGN)

I nDeireadh Fómhair 2013, faomhadh cistiú le haghaidh Thogra Tempus – ALIGN (an tAiliniú idir Clár Acadúla agus Creatáil Cáilíochtaí a Bhaint Amach agus a Sheiceáil). Comhpháirtí é an IADT sa tionscadal trí bliana iltire agus é ina chuspóir chun feabhas a chur ar intuigtheacht, comhsheasmhacht agus inaistritheacht cáilíochtaí trí mheicníochtaí le haghaidh institiúidí ardoideachais a bhunú, chun ailiniú clár acadúil a bhaint amach le creatáil náisiúnta cáilíochtaí agus go seiceálfaidh gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta an t-ailiniú sin. Is í Ollscoil Theangeolaíoch Stát Yerevan san Airméin an institiúid choinneála deontais agus is ionann luach iomlán an tionscadail agus €1.3M. I measc na n-institiúidí comhpháirtíochta eile, tá: Katholieke Hogeschool Sint-Lieven (an Bheilg), Ollscoil Adam Mickiewicz (an Pholainn), Ollscoil Koblenz-Landau (an Ghearmáin), Acadamh Mínealaíon Stát Yerevan (an Airméin).

Tugann an IADT cuairt ar Chumann Náisiúnta na bhFiontraithe Coláiste agus Ollscoile (NACUE)

An 15 agus an 16 Feabhra 2014, bhí mic léinn ó thionscadail an Mhic Léinn Ghníomhaigh ina n-aionna de chuid NACUE (Cumann Náisiúnta na bhFiontraithe Coláiste agus Ollscoile) ag a gcomhdháil náisiúnta a bhí ar siúl in Sheffield. Tugadh an deis do mhic léinn chun casadh le cumainn fiontair mic léinn sa Ríocht Aontaithe. D'fhreastail siad ar chainteanna ar réimse

ábhar, ina measc mic léinn a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bhfiontar ó dhisciplíní éagsúla, infhostaitheacht a uasmhéadú agus bhí an deis acu chun éisteacht le daoine spreagúla, ar nós Russell Hall (Comhbhunaitheoir na mór-chuideachta aip tacsaithe Hailo), Jacob Hill (Bunaitheoir The Lazy Camper) agus Julia Gash (POF Bag It Don't Bin It). Ag freastal thar ceann Chumann Fiontraíochta Mic Léinn an IADT, bhí Emmet Kehoe agus Alice Margetson. D'fhreastail an Dr Therese Moylan mar an t-ionadaí foirne ón IADT.

Intel Ireland agus Bord Forbartha Galileo

In 2014, roghnaigh Intel Ireland an IADT mar chomhpháirtí ardoideachais chun a mboird forbartha nua Galileo a thabhairt isteach agus a chur chun cinn isteach sa churaclam tríú leibhéal. Bord cumhachtach comhoiriúnach forbartha Arduino is ea Galileo a d'fhorbair Intel Ireland. Fuair an Institiúid 40 paca forbartha agus úsáideadh an trealamh sa mhodúl Ríomhaireacht Fhisciúil atá mar chuid den BSc (Onóracha) i ríomhaireacht i gCórais Ilmheán/Innealtóireacht Gréasáin agus an 4ú bliain den BSc (Onóracha) i gCórais Meán Digiteach, agus i measc mhic léinn na 3ú bliana sa BA (Onóracha) i gCleachtas na nAmharc-Ealaíon.

An Clár Briosca Digiteach (Digital Biscuit)

An 23 Eanáir, 2014 seoladh clár Briosca Digiteach 2014 Dhéantóirí Óga Scannán na hÉireann sa Dánlann Eolaíochta. Cuireadh gnéithe de chlár na Scoile Samhraidh i saoráidí Scoil Náisiúnta Scannán an IADT. D'aithin an tAire Jimmy Deenihan, an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ag an imeacht oscailte tacaíocht an IADT don tionscnamh Briosca Digiteach.

Rochtain do chomhaltáí an Phobail Siúil

I rith 2013/14, lean an IADT le caidreamh tréan a chruthú le Lucht Siúil Dheisceart Bhaile Átha Cliath. Bailiúchán d'athmhachnamh ar tharluithe gach lá a bhí i dtionscadal amháin, a bhí faoi stiúir an teagascóra ealaíne, Natascha Fischell agus samháltú 3D, colláis, ceol agus solas á n-úsáid. Chruthaigh an tionscadal an deis do rannpháirtithe chun tuiscint a fháil ar stair a gcultúir, conas a tháinig sí chun cinn agus staid an Lucht Siúil maidir leis an tsochaí nua-aimseartha. Anuas air sin, thit tionscnamh breise amach ina raibh baint ag Oifig Rochtana agus Oifig FÍS a raibh sé mar aidhm aige cumas seanchais, grinn agus taithe shaoil grúpa de dhaoine fásta óga den Lucht Siúil. D'úsáid na rannpháirtithe an spéis agus na scileanna atá acu cheana féin sa teicneolaíocht chun a scéalta a

thabhairt chun beatha i dtionscadail ghearra bheochana. Sa mhullach air sin, i rith 2014, d'éascair sraith 10 seachtaine de cheardlanna as comhoibriú na hOifige Rochtana/FÍS a d'úsáid na meáin dhigiteacha agus beochan íomhá ar íomhá chun eispéiris ghrúpa daoine óga den Lucht Siúil a fhiosrú, agus cruthaíodh gearrscannáin mar thoradh air seo.



Scoláireacht Teilifíse Acadamh Sky

I Meán Fómhair 2014, d'fhógair Sky sonraí go gcuirfí Scoláireacht nua de chuid Acadamh Sky ar fáil ar an gclár Máistreacht Ealaíon i Léiriúchán Craolachán a bhí á chur ar fáil ag an Scoil Náisiúnta Scannán ag an IADT ó Mheán Fómhair ar aghaidh. Tá an scoláireacht mar chuid d'Acadamh Sky, sraith tionscnamh a bhfuil de chuspóir acu cumhacht na teilifíse, cruthaitheacht agus an spórt a úsáid chun deiseanna a thabhairt do líon aon mhilliún duine óg, ar a mhéid, sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn chun a scileanna agus a dtaithí a thógáil. Rinne Sky an scoláireacht a chur ar fáil do dhaoine aonair a tharlódh nach mbeadh an mhaoin airgeadais acu, murach sin, chun tacú leo féin trí bhreis staidéir a dhéanamh, agus thacaigh an Cumann Teilifíse Ríoga (an RTS) leis seo.

Tá sé mar chuid de thiomantais Sky chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt don tallann atá ag teacht chun cinn ar leibhéal na cosmhuintire. Mar chuid den scoláireacht, íocfar táillí cúrsa an mhic léinn agus beidh an deis acu socrúchán taithí oibre a mbainfear iocaíocht aisti a fháil laistigh den tionscal.

Anuas air sin, gheobhaidh an t-iarrthóir rathúil ballraíocht bhliana saor in aisce den Chumann Teilifíse Ríoga (an RTS) agus gheobhaidh siad deiseanna lionraithe laistigh den RTS, cuirí ina measc chuig imeachtaí tionscail.

Coláiste George Brown (GBC)

An 1 Deireadh Fómhair 2013, shínigh an Dr Annie Doona Litir Intinne chun tús a chur le comhoibriú amach anseo le Coláiste George Brown College (GBC) in Toronto, Ceanada. Cruthaíonn an comhoibriú seo cuid de thionscnamh Choláistí Ontario IoT. Spreag an chuairt a thug Elise Hodson, Cathaoirleach Gníomhach na Scoile Dearaidh ag an gColáiste an comhaontú. Is iad na limistéir ina bhfuil féidearthacht i dtaobh comhoibriú:

- Dul chun cinn ón Ard-Diplóma i nDearadh Grafach, GBC, go dtí an BA (Onórach) i nDearadh Cumarsáid Amhairc san IADT mar chlár breisithe
- Forbairt fhéideartha an MA trí Thaighde i nDearadh idir GBC, an IADT agus comhpháirtí Eorpach amháin faoi Erasmus+
- Deiseanna Scoil Samhraidh a fhorbairt ag an IADT agus an GBC
- Forbairt Fhéideartha thairiscint Horizon 2020 maidir le Gairm 30 TFC Idirlión na nErraí
- Deiseanna le haghaidh comhoibriú agus dul chun cinn breise a fhiosrú i limistéir ábhair a bhaineann le dearadh agus le bainistíocht dearaidh
- Comhoibriú féideartha idir an IADT agus an GBC agus le Comhairle Dhearaidh agus Cheardaíochta na hÉireann i mBliain Dearaidh 2015



Eolaíocht gan Teorainneacha ('Science Without Borders')

I Meán Fómhair 2013, chláraigh ceathrar mac léinn ó Ollscoil Chónaidhme Santa Catarina, an Bhrasaíl, leis an IADT. Earcaíodh na mic léinn faoin gclár scoláireachta 'Eolaíocht gan Teorainneacha' idir an Bhrasaíl agus Éirinn. Cistíonn rialtas na Brasaíle an clár agus lorgaíonn sé chun tionscnaimh na heolaíochta agus na teicneolaíochta, na nuálaíochta agus na hiomaíochta a threisiú agus a fhairsingiú trí shoghluasteacht mic léinn agus taighdeoirí fochéime agus céime, agus tá na tionscail chruthaitheacha ar cheann de na hearnálacha a dtugtar tús áite dóibh.

Mic Léinn Erasmus

I rith 2013/2014, tháinig aon mhac léinn déag Erasmus chun staidéar a dhéanamh ag an IADT ó thíortha, ina measc an Bheilg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ungáir agus an Spáinn, i limistéir na Ríomhaireachta/na nIlmheán, na Beochana, Chleachtas na nAmharc-Ealaíon, Léiriúchán Scannán agus Teilifíse, Staidéar Gnó agus Bainistíocht Ealaíon, agus an Bhéarla agus Staidéar ar na Meáin agus Cultúrtha. Mar chúiteamh air sin, chuaigh naonúr mac léinn den IADT chun staidéar a dhéanamh i dtíortha, ina measc an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Spáinn agus an Tuirc go príomha ón gclár Cleachtas na nAmharc-Ealaíon, ach freisin ó Ríomhaireacht/na hIlmheán, agus an Béarla agus Staidéar ar na Meáin agus Cultúrtha.

Seanchas

I rith Shamhain 2013, sholáthair an Institiúid úsáid a bhaint as a stiúideo úrnua raidió chun tacú le tionscadal 'Seanchais' do ghrúpa seanóirí. Rinne an t-óstach teilifíse, Alison McNamara, agus Tony McGuinness agus Robert Corkery (comhaltaí foirne Dhámh na Scannán, na hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha) a gcuid ama chun cabhrú leis an tionscadal.

School in a Box (SIAB)

I bhfómhar 2013, thug Philip Penny, an taighdeoir ceannais ar thionscadal SIAB an IADT faoi mhisean rathúil oiliúna in Maputo, áit ar oibrigh sé le hAireacht Oideachais Mhósaimbíc, oideachasóir Apple, Miguel Seabra, agus UNESCO chun oiliúint SAB a sholáthar do ghrúpa de speisialtóirí litearthachta daoine fásta. In Earrach 2014, chuir foireann an SIAB tús le hobair le Fondúireacht Aga Khan, agus teicneolaíocht an SIAB á húsáid chun oiliúint a chur ar fheirmeoirí neamhliteartha i gceantair thuaithe Mhósaimbíc maidir le cleachtais feirme níos fearr.



I Samhradh 2014, chuir foireann an SIAB tús le forbairt a dhéanamh ar chomhthionscadal le Cúnamh Éireann le haghaidh bunoidreachais i Mósaimbíc, ag féachaint do thionchar a imirt ar thorthaí foghlama i dtimpeallachtaí tuaithe, áit a bhfuil leibhéil litearthachta an-íseal. Anuas air sin, chuir an fhoireann tús le hoibriú le Scoil Leighis UCD agus le Tionscnamh Sláinte Clinton i dtionscadal litearthachta sláinte le haghaidh clinici máthartha agus luath-óige sláinte i Mósaimbíc thuaithe.

Lá Domhanda na nDídeanaithe ag an IADT

An 23 Meitheamh, 2014, chuir Tionscadal Dídeanaithe Dhún Laoghaire, an IADT, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath fáilte roimh lucht féachana fairsing chun Lá Domhanda na nDídeanaithe 2014 a cheiliúradh. Le deich mbliana anuas, tá na céadta duine tar éis teacht le cheile i nDún Laoghaire chun ceiliúradh a dhéanamh ar éachtaí an iomaí duine óg a tháinig chuig an gContae agus tearmann á lorg acu. Chuir an IADT an t-imeacht ar siúl ó 2005 leith. D'oscail Uachtarán an IADT, an Dr Annie Doona an t-imeacht. Anuas air sin, chuir Cormac Shaw, POF Chomhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath, fáilte roimh an lucht freastail. Sheol an Cathaoirleach, an Comh. Marie Baker, an t-imeacht go hoifigiúil. Leag an t-imeacht an bhéim ar an rannchuidiú dearfach a dhéanann na daoine óga seo ar mhaithe leis an gContae. Ba é téama imeacht na bliana seo 'Dóchas a Athbhunú'. I measc cheiliúradh na bliana seo bhí scannán dar teideal 'Coming Home' a chur ar an scáileán a chruthaigh mac léinn an IADT agus fear an tí don tráthnóna, Hanan Dirya. I measc an cheiliúrtha, bhí Mórshiúl na Náisiún, ceol, dráma agus rince, chomh maith.

Comhoibriú le Scoil Tréidliachta UCD

I rith 2013/14, le tacaíocht ó Chiste Síil Nuálaíochta an IADT, d'oibrigh Clyde Doyle le Scoil Tréidliachta UCD chun pacáí agus uirlisí oiliúna a fhorbairt a cheadaíonn do mhic léinn tréidliachta chun feabhas a chur ar a scileanna i limistéir ar nós uamtha agus insteallta. Braitheann scoileanna tréidliachta, de ghnáth, ar shamhaltáin atá buntúsach ach atá costasach, fós féin, a dhéanann drochaitheas ar fheoil ainmhí. Rinne Clyde agus roinnt mic léinn déanta samháltán breathnóireacht ar thréidlianna faoi oiliúint agus iad ag oibriú agus d'fhorbair siad fréamhshamhail d'áis oiliúna atá níos éifeachtaí agus nach bhfuil chomh costasach céanna.

5.3 Forbairtí Campais – Bliain Acadúil 2013-14

An Scoil Náisiúnta Scannán

Dé Máirt an 26 Samhain 2013, d'oscail an tUachtarán Michael D. Ó hUiginn an Scoil Náisiúnta Scannán go hoifigiúil. D'fhreastail na hionadaithe ba mhó le rá ó thionscal scannán agus teilifíse na hÉireann, an t-ardoideachas, eagraíochtaí cultúrtha agus ranna rialtais ar an searmanas oscailte, anuas ar an bhfoireann agus na mic léinn. Soláthraíonn an tsaoir 2 stiúideo Teilifíse/Scannán, dhá stiúideo raidió, seomraí rialaithe, seomra nuachta craolacháin, cúig sheomra ranga chomhréidh, stór scannán/teilifíse agus ceardlann agus oifig don Institiúid.

I Meitheamh 2014, bhain foirgneamh an NFS an dámhachtain 'Tionscadal Foirgneamh Scoile na Bliana' amach ag Dámhachtainí Tógála agus Dearaidh Foirgneamh na hÉireann a bhí ar siúl i nDroichead na Dothra. Rinne bainistíocht shinsearach ó chomhlachais agus eagraíochtaí móra, ina measc Innealtóirí Éireann, Institiúid Ríoga Ailtirí na Breataine (an RIBA), Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI), Fiontraíocht Éireann, an Cumann Idirnáisiúnta Bainistíochta Tionscadal Tógála (an ICPMA), Cumann Tógálaithe Tí na hÉireann (an IHBA), Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, anuas ar oibreoirí neamhspleácha agus saineolaithe tionscail breithiúnas ar na hiarratais ar dhámhachtain.

5.4 Bainistíocht Sábháilteachta

Feidhmíonn an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta mar choiste comhairleach do na Foirne Feidhmiúcháin agus Bainistíochta maidir le gach gné de shábháilteacht, de shláinte agus de leas maidir leis an bhfoireann, mic léinn, cuairteoirí agus conraitheoirí. Le linn bhliain acadúil 2013/14, d'fhreastail baill foirne bhainteacha ar na cúrsaí sábháilteachta seo a leanas: Oiliúint Marascal Dóiteáin, Clár um Chúnamh Fostaithe, Oiliúint do Theagascóirí ar Láimhsiú Sábháilte,

Oiliúint ar Láimhsiú Sábháilte, Oiliúint ar Mheasúnóirí VDU agus Oiliúint Garchabhrach.

An 25 Márta, 2014, bhí druileanna dóiteáin ar siúl sna trí fhoirgneamh atá ar an gcampas, agus thit sé ghníomhachtú aláram dóiteáin, ar an iomlán, amach i gcaitheamh na bliana acadúla, agus níor theastaigh láithreacht na briogáide dóiteáin ó aon cheann díobh. An 5 Meán Fómhair, cuireadh oiliúint Marascal Dóiteáin ar an dara cohórt foirne.



Mír 6

Pearsanra



6.1 Líonta Foirne

Tá na figiúirí thíos bunaithe ar ríomhanna Cóibhéis Lánaimseartha

Catagóir foirne	2013/2014
Acadúil	115
Bainistíocht, Riarachán agus Leabharlann	47
Seirbhísí do Mhic Léinn	5
Taighde	11
Tacaíocht Theicniúil	12
Tacaíocht Neamhtheicniúil	12
Iomlán	202

In 2009, chuir an Rialtas na Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Uimhir 2) i bhfeidhm ina ndéantar foráil le haghaidh uasteorainn rialaithe fostaíochta don IADT. I gcaitheamh na bliana 2013, b'ionann an uasteorainn don IADT agus Coibhéis Lánaimseartha 191.6 duine.



Mic léinn na bliana deiridh sa Bhaitisiléir Gnó i bhFiontraíocht ag oibriú leis an NRH ar mhargú agus cur chun cinn náisiúnta fhéilirí 2013 an NRH



An Dr Gráinne Kirwan agus an Dr Andrew Power ag seoladh a leabhair "Cybercrime: The Psychology of Online Offenders" an 24 Meán Fómhair 2013



An Dr Hilary Kenna ag seoladh SeeSearch ag Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas an 25 Meitheamh 2014.

6.2 Éachtaí Foirne

6.2.1 Dámh na Scannán, na hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Donald Taylor Black

Taispeánadh clár faisnéise Donald Taylor Black dar teideal 'SKIN IN THE GAME', a bhí cistithe ag Bord Scannán na hÉireann, in Amharclann an Pavilion, Dún Laoghaire, Dé Céadaoin, an 9 Deireadh Fómhair 2013.

Cecily Brennan

An taispeántas 'The Devil's Pool – Madness, Melancholia and the Artist', ag Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath Jameson (Feabhra 2014)

An Dr Justine Carville

'The Ungovernable Eye: Photography, Race and Counter-Visuality' – curtha i láthair ag Photographic Powers, Helsinki Photo – Comhdháil um Thaighde ar na Meáin (Márta 2014)

Anna Colford

Ghlac Anne Colford páirt i nGrúpthaispeánats in Annalipsis, an Chréit (Meitheamh 2014)

Michael Connerty

'Secret History: the Overlooked Comic Strip Work of Jack B. Yeats', páipéar curtha i láthair ag Transitions 4, Ollscoil Birbeck, Londain (Deireadh Fómhair 2013)

An Dr Irene Connolly

'An Exploration of Traditional and Cyberbullying in Children and Adolescents', curtha i láthair ag Comhdháil Bhliantúil Chumann Siceolaithe na hÉireann, Sligeach (Samhain 2013)



An Dr Maeve Connolly

- 'Post Cinematic Media and The Encyclopedic Palace Dissolutions and Rearticulations of Perspective', curtha i láthair ag Biennale na Veinise, an Iodáil (Samhain 2013)

- 'Dissolutions of Perspective in Post Cinema', curtha i láthair ag Ollscoil Free i mBeirlín, an Ghearmáin (Samhain 2013)

Cora Cummins

'The Black Rose The Green Pool and the Blue Sky' – taispeántas ag VISUAL, Ceatharlach (Deireadh Fómhair-Nollaig 2013)

An Dr Mark Curran

- 'The Market' – tionscadal a suiteáladh in Ionad Cultúir na hÉireann ('Centre Cultural Irlandaise', Páras (Eanáir 2014); Dánlann Ghrianghrafadóireachta (Lúnasa-Deireadh Fómhair 2013)
- 'Neither Here Nor There' – grúpthaispeántas ag Ionad Ealaíon na Gaillimhe (Nollaig '13-Eanáir 2014)
- 'The Normalisation of Deviance – Construction THE MARKET' – príomhshaothar ag Amharclann na Cuimhne, Amharclann na Mainistreach (Eanáir 2014)
- 'Capital at Work' ag Momentous Times, Ionad um Ealaíon Chomhaimseartha, Doire (Samhain 2013)
- 'Capital at Work: Studying Up and the Construction of the MARKET' – príomhshaothar ag LAND-LABOUR-CAPITAL ag Dánlann Ealaíne Chathair Luimnigh (Meán Fómhair 2013)
- 'A Letter to Lucy' – grúpthaispeántas ag Tionscadail Pallas, Baile Átha Cliath (Lúnasa-Meán Fómhair 2013)
- 'Labour & Lockout' – grúpthaispeántas ag Dánlann Ealaíne Chathair Luimnigh (Lúnasa-Deireadh Fómhair 2013)

Clodagh Emoe

- 'Tapping the Third Realm' – taispeántas ag Dánlann Ben Maltz, Los Angeles, S.A.M. (Meán Fómhair-Nollaig 2013)
- 'Won't Say That I'll See You Tomorrow' – taispeántas ag Ionad Ealaíon Mermaid, Bré (Meán Fómhair 2013)

Alan Farquarharson

Rinne Alan stáitsiú 'The Heartbeat of Home' ag Amharclann Bord Gáis Energy i Nollaig 2013. D'fhorbair táirgeoirí Riverdance, a bhuaigh dámhachtainí, an taispeántas.

Cliona Flood

'Innovative Assessments', curtha i láthair ag Comhdháil an Lionra Nuálaíochta Foghlama (LIN), Baile

Átha Cliath (Deireadh Fómhair 2013)

Ronald Hamilton

'A Sense of Ireland: Design and Identity', comhpháipéar le R. Roper, P. Murphy agus P. McDowell a cuireadh i láthair ag 6ú Comhdháil Bhliantúil an LIN (Deireadh Fómhair 2013)

Jenny Haughton

- Ghlac Jenny páirt i gcéad taibhiú domhanda an tsaothair ealaíne ilmheán 'Amhrán na mBeach', a bhí ar siúl i Mainistir Ghleann Stáil, Contae Luimnigh an 27 Aibreán 2013.
- Cuireadh an taibhiú ar scáileán ag Dánlann Ealaíne Chathair Luimnigh an 24 Samhain 2013, tráth a seoladh Amhrán na mBeach.

An Dr Olivia Hurley

'Social Media in the World of Sport, Exercise and Performance', curtha i láthair ag Comhdháil Bhliantúil an PSI, Sligeach (Samhain 2013)

An Dr Linda King

'A Sense of Ireland: Design and Identity' curtha i láthair ag Ceardlanna Dearaidh Chill Chainnigh (Deireadh Fómhair 2013)

An Dr Gráinne Kirwan

- Seoladh 'Cybercrime: The Psychology of Online Offenders', leis an Dr Andrew Power (comhúdar) ag an IADT an 24 Meán Fómhair 2013 ag an Dr John Alderdice
- 'Understanding the Cybercriminal: Application of forensic psychology and criminological theories to cybercriminal incidents' – curtha i láthair ag Cruinniú Mullaigh Cyber Threat, Baile Átha Cliath (Deireadh Fómhair 2013)

An Dr Timothy McNichols

'Engaging Social Media for Game-Based Learning', curtha i láthair ag comhdháil na nArdteicneolaíochtaí Foghlama, Orlando, SAM (Márta 2014)

Ciaran O'Keefe

- Taispeántas 'Golden Girls' ag Amharclann Outhouse, Baile Átha Cliath (Aibreán 2014)
- Taispeántas 'Lovestock' ag Dánlann Bharr an Teampaill, Baile Átha Cliath (Feabhra 2014)

An Dr Marion Palmer

- 'Enabling active learning in science – the role of media', curtha i láthair ag Comhdháil na Meán agus na Foghlama, an Bhruiséil, an Bheilg (Nollaig 2013)


- 'Capstone module, reflection, action, evidence and review', curtha i láthair ag 6ú Comhdháil an LIN i mBaile Átha Cliath (Deireadh Fómhair 2013)

An Dr Andrew Power

- 'Fleck the Natives, I'm Digitally Enabled', curtha i láthair ag Tionól Mheáin Shóisialta CongRegation, Conga, Contae Mhaigh Eo (Samhain 2013)
- 'Cybercrime, exploiting our vulnerabilities', curtha i láthair ag an gComhdháil 'Demystifying the Cloud', an RDS, Baile Átha Cliath (Deireadh Fómhair 2013)
- Seoladh 'Cybercrime: The Psychology of Online Offenders', leis an Dr Gráinne Kirwan (comhúdar) ag an IADT an 24 Meán Fómhair 2013 ag an Dr John Alderdice

Adrian Reilly

- Taispeántas '40/40/40' ag an Conde Duque Láir Cultúrtha, Madri, an Spáinn (Márta-Aibreán 2014)
- Taispeántas '40/40/40' ag Biblioteka Uniwersytecka Warszawie, an Pholainn (Bealtaine-Meitheamh 2014)
- Taispeántas '40/40/40' ag Palazzo Della Farnesina, an Róimh, an Iodáil (Iúil-Lúnasa 2014)



Laurence Riddell

Taispeánta ag Comhdháil Bhliantúil chomhaltai an AGI agus ag Open, Barcelona, Londain (Deireadh Fómhair 2013)

Rebecca Roper

- 'Why First Year Matters: Shaping Institutional Habitus and Championing an Institute-wide Extended Orientation Programme', curtha ag Comhdháil na hEorpa um Thaithí na Chéad Bhliana, an Ríocht Aontaithe (Meitheamh 2014)
- 'From the Ground Up to the Top Down', comhpháipéar le P. Murphy agus P. McDowell a cuireadh i láthair ag 6ú Comhdháil Bhliantúil an LIN (Deireadh Fómhair 2013)

David Smith

Taispeántas ag an Acadamh Ibeirneach
Rioga, Baile Átha Cliath (Deireadh Fómhair
2013)

An Dr Elaine Sisson

- 'Rethinking Irish Studies Through Mass and Popular Forms' – príomhthaispeántas ag Comhdháil an Líonra Léinn Éireannaigh Nordaigh, Ollscoil Aalborg, an Danmhairg (Bealtaine 2014)
 - 'Appeasing Ghosts: History, Memory and Theatre' – siompóisiam ar an bPíarsach agus an Amharclannaíocht ag Coláiste Phádraig, Baile Átha Cliath, (Samhain 2013)

Fiona Snow

'21st Century Christmas' – taispeántas ag Ard-Mhúsaem na hÉireann (Nollaig 2013)

Le linn bhliain acadúil 2013/14, bhí foilseacháin ag na baill foirne a leanas:

- Hannah Barton
- Cecily Brennan
- An Dr Justin Carville
- An Dr Irene Connolly
- An Dr Maeve Connolly
- An Dr Mark Curran
- Clóna Flood
- An Dr John Greaney
- An Dr Sinéad Hogan
- An Dr Olivia Hurley
- Thomas Kennedy
- Linda King
- An Dr Gráinne Kirwan
- An Dr Timothy McNichols
- John Montayne
- An Dr Ruth Moran
- An Dr Mike O'Toole
- An Dr Marion Palmer
- An Dr Nicola Porter
- An Dr Andrew Power
- An Dr Brendan Rooney
- An Dr Elaine Sisson



6.2.2 Dámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí

An Dr Sarah Balen

'Accepting the Anguish of Submersion – Reading Hélène Cixous and the Water Music of Paula Meehan's Poetry', curtha i láthair ag Comhdháil an Chomhlachais Léinn Fhranc-Éireannaigh (an AFIS), an Ceoláras Náisiúnta, Baile Átha Cliath (Bealtaine 2014)

An Dr Josephine Browne

- 'Company Law in Ireland: Challenging changes for SMEs', Manchain, an Ríocht Aontaithe, 2014
- 'Irish Travellers: Entrepreneurship and the Traveller Economy' – Manchain, an Ríocht Aontaithe, 2014

An Dr Kelly Davidson

- 'Hipsters and Heterotypes: (Mis)recognising the liminal "other" in the post-subcultural city', curtha i láthair ag an gComhdháil 'Spásanna agus Imeallchríocha' ('Spaces and Frontiers'), Comhlachas Léinn Cheanadaigh-Éireannaigh, OÉ, Gaillimh (Bealtaine 2014)
- 'R(h)etrotopic Bodies: Mapping the "retro" pin-up as (un)desirable space', curtha i láthair ag Ceol, Inscne agus Difríocht ('Music, Gender and Difference'), Ollscoil an Cheoil agus na nEalaíon Taibhithe, Vín, an Iodáil (Meán Fómhair 2013)

Conor Heagney

'The Entrepreneurial Ecosystem – back to the future', comhpháipéar leis an Dr T. Moylan agus S. McGreevy, curtha i láthair ag Comhdháil an ICSB, Baile Átha Cliath (Meitheamh 2014)

An Dr Agnes Maciocha

'Teaching Research Methods: Thresholds Concepts', curtha i láthair ag 13ú Comhdháil na hEorpa ar Mhodheolaíocht Taighde le haghaidh Staidéar Gnó agus Bainistíochta (an ECRM), Ollscoil na Cathrach, Londain (Meitheamh 2014)



An Dr Jenny McDonnell

'The Irish Journal of Gothic and Horror Studies: An Overview', curtha i láthair ag an Lá Líonraithe Ghotaigh, Ollscoil Chathrach Mhanchain, an Ríocht Aontaithe (Iúil 2014)

Sharon McGreevy

'The Entrepreneurial Ecosystem – back to the future', comhpháipéar leis an Dr T. Moylan agus C. Heagney, curtha i láthair ag Comhdháil an ICSB, Baile Átha Cliath (Meitheamh 2014)

An Dr Therese Moylan

'The Entrepreneurial Ecosystem – back to the future', comhpháipéar leis an Dr C. Heagney agus S. McGreevy, curtha i láthair ag Comhdháil an ICSB, Baile Átha Cliath (Meitheamh 2014)

An Dr Maria Parsons

'Feminism and the Post-secular', páipéar curtha i láthair ag an gComhdháil Between Spaces and Places: Landscapes of Limitability Conference, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (Meitheamh 2014)

Jenny Stenson


'Examining the role of Facebook in College Social Adjustment for First Year Undergraduate Students', curtha i láthair ag Comhdháil Mhic Léinn Síceolaíochta na hÉireann, Baile Átha Cliath (Aibreán 2014)

Le linn bhliain acadúil 2013/14, tháirg na comhaltaí foirne a leanas foilseacháin:

- Stephen Boyd
- Katherina Fay
- Selina Guinness
- Dr Paula Gilligan
- Jenny Haughton
- An Dr Christine Horn
- An Dr Elizabeth McCarthy
- An Dr Jenny McDonnell
- An Dr Therese Moylan
- An Dr Maria Parsons
- An Dr Kevin Wallace
- Peter Weadack

Mír 7

Tuarascáil Airgeadais



7.1 Tuarascáil Airgeadais 2013/2014

Rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste na cuntais iniúchta a fhaomhadh gan choinníoll an 6 Deireadh Fómhair 2015. Leagtar amach thíos leagan giorraithe de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2014.

7.2 Leagan Giorraithe de Ráitis Airgeadais 2013/2014

Cuntas Ioncaim Agus Caitheachas Don Bhliain Dar Chríoch An 31 Lúnasa, 2014

	Notáí	2014 €000	2013 €000
IONCAM			
Deontas Stáit	1	5,218	6,234
Táille Teagaisc	2	8,072	8,239
Amúchadh an Dheontas Chaipitil Iarchurtha	17	1,871	1,354
Deontais agus Conarthaí Taighde	3	621	650
Ioncam Eile	5	887	990
Ioncam aitheanta um Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn	4	296	280
Ioncam ó Ús		<u>175</u>	<u>292</u>
		17,140	18,039
CAITEACHAS			
Ranna Acadúla	6	9,477	9,532
Seirbhísí Acadúla	7	456	490
Costais Saoráidí	8	1,834	1,799
Riarachán Lárnach agus Seirbhísí TFC	9	3,996	3,970
Costais Ghinearálta Oideachasúla	10	343	354
Seirbhísí do Mhic Léinn	11	699	790
Deontais agus Conarthaí Taighde	3	473	527
Ioncam feidhmithe ón gCistiú Tacaíochta do Mhic Léinn	4	317	283
Dímheas	14	<u>1,871</u>	<u>1,354</u>
		19,466	19,099
BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN		(2,326)	(1,060)
BARRACHAS CARNACH AMHAIL AN 1 MEÁN FÓMHAIR		<u>7,583</u>	<u>8,643</u>
BARRACHAS CARNACH AMHAIL AN 31 LÚNASA		<u>5,257</u>	<u>7,583</u>

Níl aon ghnúthachain ná aoin chaillteanais aitheanta ann seachas iad siúd atá aitheanta thuas.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, agus Nótaí 1 go dtí 26.

Arna shíniú thar ceann an Chomhlacht Rialaithe:

Eleanor Roche **Leas-Chathaoirleach**
An Dr Annie Doona **Uachtarán**

Clár Comharaithe (Ráitis Airgeadais 2013/2014)

	Notaí	2014 €000	2013 €000
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	14	<u>43,514</u>	<u>40,455</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	15	1,094	2,744
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		<u>7,512</u>	<u>9,319</u>
		8,606	12,063
DLITEANAS REATHA			
Creidiúnaithe agus Speansais Fhabhráithe			
- Suimeanna a bheidh dlíte laistigh d'aon Bhliain amháin	16	<u>(1,723)</u>	<u>(2,854)</u>
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		<u>6,883</u>	<u>9,209</u>
GLANSÓCMHAINNÍ		<u>50,397</u>	<u>49,664</u>
ARNA LÉIRIÚ AG			
Deontais Chaipitil Iarchurtha	17	43,514	40,455
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		5,257	7,583
Cúlchiste Forbartha Caipitil	20	<u>1,626</u>	<u>1,626</u>
		<u>50,397</u>	<u>49,664</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, agus Nótaí 1 go dtí 26.

Arna shíniú thar ceann an Chomhlacht Rialaithe:

Eleanor Roche **Leas-Chathaoirleach**
An Dr Annie Doona **Uachtarán**

An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid (Ráitis Airgeadais 2013/2014)

	An Bhliain dar Críoch An 31 Lúnasa 2014	An Bhliain dar Críoch An 31 Lúnasa 2013
	€000	€000
Réiteach an bharrachais tosaigh go dtí glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas (Easnamh) Oibriúcháin	(2,326)	1,060
Ioncam ó Ús	(175)	(292)
Dímheas	1,871	1,354
Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha	(1,871)	(1,354)
Méadú ar Fhéichiúnaithe	(1,577)	(1,572)
Méadú ar Chreidiúnaithe	<u>(1,131)</u>	<u>695</u>
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u>(2,055)</u>	<u>(2,229)</u>
<hr/>		
AN RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID		
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u>(2,055)</u>	<u>(2,229)</u>
Torthaí ar Infheistíochtaí agus ar Sheirbhísiú Airgeadais		
Ús a Fuarthas	248	387
Caiteachas Caipitil		
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil	<u>(4,930)</u>	<u>(6,820)</u>
Glan-Eis-Sreabhadh Airgid ó Chaiteachas Caipitil	<u>(4,930)</u>	<u>(6,820)</u>
Maoiniú		
Deontais Stáit Chaipitil a caitheadh ar Shócmhainní Seasta	1,920	5,634
Deontais Stáit Athfhilltigh a caitheadh ar Shócmhainní Seasta	3,006	1,180
Airgead eile a caitheadh ar Shócmhainní Seasta	<u>4</u>	<u>6</u>
Glan-Insreabhadh Airgid de thoradh ar Mhaoiniú	<u>4,930</u>	<u>6,820</u>
(Laghdú)/Méadú ar Airgead Tirim	<u>(1,807)</u>	<u>(1,842)</u>
<hr/>		
Réiteach an (Laghdaíthe)/an Mhéadaíthe ar Airgead Tirim chuig Gluaiseacht sna Glanchistí		
Glanchistí amhail an 1 Meán Fómhair	9,319	11,161
Glanchistí amhail an 31 Lúnasa	<u>7,512</u>	<u>9,319</u>
	<u>(1,807)</u>	<u>(1,842)</u>
<hr/>		
Arna shíniú thar ceann an Chomhlachta Rialaithe:		
Eleanor Roche:	Leas-Chathaoirleach	
An Dr Annie Doona:	Uachtarán	





**Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún
Laoghaire**
T: +353(1) 239 4000
W: www.iadt.ie
E: info@iadt.ie